

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 326



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 65

21 Nollaig 2022

Clár

### I *Gníomhartha reachtacha*

CINNTÍ

- ★ **Cinneadh (AE) 2022/2512 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le gan glacadh le doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise arna n-eisiúint san Úcráin agus sa tSeoirsia** ..... 1

### II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2513 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann leis an uasmhéid tacaíochta le haghaidh torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce** ..... 6
- ★ **Rialachán (AE) 2022/2514 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann lena thréimhse cur i bhfeidhm** ..... 8
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2515 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2022 maidir le rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas a dheonú le haghaidh 2023 d'earraí áirithe de thionscnamh na hIorua ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad a chumhdaítear leis an Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ..... 10

CINNTÍ

- ★ **Cinneadh (AE) 2022/2516 ón gComhairle an 14 Samhain 2022 lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún** ..... 13

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Cinneadh (AE) 2022/2517 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus leanúint leis an gComhaontú .....	15
★ Cinneadh (AE, Euratom) 2022/2518 ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle .....	23
★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2519 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin le haghaidh an chórais e-CODEX, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht <sup>(1)</sup> .....	25
★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2520 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 i ndáil leis na socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX <sup>(1)</sup> .....	34
★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2521 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 lena gceartaítear an leagan Rómáinise de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas <sup>(1)</sup> .....	57
★ Cinneadh (AE) 2022/2522 ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/2255 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54) (BCE/2022/45) .....	59

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## I

(Gníomhartha reachtacha)

## CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2512 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2022

maidir le gan glacadh le doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise arna n-eisiúint san Úcráin agus sa tSeoirsia

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointí (a) agus (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(1)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise (an Rúis) in 2014 agus mar fhreagairt ar a gníomhaíochtaí díchobhsaithe leanúnacha in oirthear na hÚcráine, tá smachtbhannaí eacnamaíocha tugtha isteach ag an Aontas cheana, smachtbhannaí atá ceangailte le cur chun feidhme neamhiomlán na gcomhaontuithe a síníodh i Mionsc faoi choimirce an Ghrúpa Teagmhála Thríthaobhaigh de chuid ESCE mar fhreagairt ar an ngéarchéim san Úcráin agus thart uirthi (“Comhaontuithe Mhionsc”), smachtbhannaí maidir le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó lena ndéantar bagairt orthu, agus smachtbhannaí mar fhreagairt ar ionghabháil mhídhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol a rinne an Rúis.
- (2) Ós rud é gur shínigh sí comhaontuithe Mhionsc, tá freagracht shoiléir dhíreach ar an Rúis oibriú chun teacht ar réiteach síochánta ar an gcoinbhleacht i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i gComhaontuithe Mhionsc. Leis an gcinneadh aitheantas mar eintitis neamhspleácha a thabhairt do na réigiúin nach bhfuil faoi rialú rialtais in oirthear na hÚcráine, is léir gur sháraigh an Rúis Comhaontuithe Mhionsc, lena sonraítear filleadh iomlán na réigiúin sin ar rialú rialtas na hÚcráine. Leis an gcinneadh sin agus an cinneadh a rinneadh ina dhiaidh sin trúpaí Rúiseacha a chur isteach sna réigiúin sin, baintear a thuilleadh an bonn de cheannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine agus tá sárú tromchúiseach déanta ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras agus Meabhrán Bhúdaipeist.
- (3) An 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach, mar aon lena comhpháirtithe idirnáisiúnta, go neamhbhalbh an fogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin a bhí gan chúis, gan údar agus chuir an Chomhairle a dlúthpháirtíocht iomlán in iúl leis an Úcráin agus lena muintir. Thairis sin, d’éiligh an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, go gcuirfeadh an Rúis deireadh lena gníomhaíochtaí míleata láithreach, go ndéanfadh sí a fórsaí agus a trealamh míleata uile a tharraingt siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine agus iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú go hiomlán. D’athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an seasamh sin sna conclúidí uaithi an 25 Márta 2022, an 31 Bealtaine 2022 agus an 24 Meitheamh 2022.

<sup>(1)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022.

- (4) Maidir leis an tSeoirsia, an 1 Meán Fómhair 2008, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir, sna conclúidí ón Uachtaránacht ón gruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach, cinneadh aontaobhach na Rúise aitheantas a thabhairt do neamhspleáchas na hAbcáise agus na hOiséite Theas agus d'áitigh sí ar thíortha eile gan aitheantas a thabhairt dá neamhspleáchas.
- (5) Fogha míleata a tharlaíonn i dtír a bhfuil teorainn aici leis an Aontas, amhail atá tarlaithe san Úcráin agus as ar eascair na bearta sriantacha, tugann an méid sin údar le bearta atá ceaptha chun leasanna slándála bunúsacha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.
- (6) Ó rinneadh an ionghabháil neamhdhleathach ar Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus ar chathair Sevastopol an 18 Márta 2014, tá pasanna idirnáisiúnta Rúiseacha eisithe ag an Rúis chuig cónaitheoirí na gcríoch sin. An 24 Aibreán 2019, shínigh Uachtarán na Rúise foraithe lena simplítear an nós imeachta do chónaitheoirí sna réigiúin nach bhfuil faoi rialú an rialtais in Donetsk agus Luhansk na hÚcráine chun saoránacht na Rúise a fháil, lena n-áirítear an nós imeachta chun pasanna idirnáisiúnta Rúiseacha a eisiúint do na cónaitheoirí sin. Trí bhíthin foraithe a eisíodh an 11 Iúil 2022, leathnaigh an Rúis an cleachtas gnáthphasanna idirnáisiúnta Rúiseacha a eisiúint chuig cónaitheoirí réigiún eile nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin, go háirithe réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia. I mí na Bealtaine 2022, thug an Rúis nós imeachta simplithe um eadóirseacht Rúiseach isteach le haghaidh leanaí atá ina ndílleachtaí ó “Daon-Phoblacht Donetsk” mar a ghairtear di agus ó “Daon-Phoblacht Luhansk” mar a ghairtear di, agus ón Úcráin chomh maith. Tá feidhm ag an bhforaithe freisin maidir le leanaí gan cúram tuismitheora agus maidir le daoine atá faoi éagumas dlíthiúil agus atá ina n-áitritheoirí sa dá réigiún sin faoi fhorghabháil. Eisiúint chórasach pasanna Rúiseacha sna réigiúin sin atá faoi fhorghabháil, sin sárú breise ar an dlí idirnáisiúnta agus ar iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine.
- (7) Níor thug an tAontas ná a Bhallstáit ná an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis ná Lichtinstéin aitheantas don ionghabháil neamhdhleathach agus cháin siad forghabháil neamhdhleathach réigiúin agus chríocha na hÚcráine ag an Rúis. Bainneann sé sin go háirithe le hionghabháil neamhdhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol, forghabháil neamhdhleathach réigiúin Donetsk agus Luhansk, ach freisin le forghabháil neamhdhleathach bhreise i réigiúin thoir agus theas na hÚcráine, go háirithe réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia. Maidir le doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise (doiciméid taistil Rúiseacha) a eisítear sna réigiúin agus sna críocha sin, ní aithníonn na Ballstáit ná an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis ná Lichtinstéin iad nó tá siad ar tí gan iad a aithint. Is amhlaidh an cás maidir le doiciméid taistil Rúiseacha a eisítear i gcríocha na hAbcáise agus na hOiséite Theas sa tSeoirsia, ar doiciméid iad nach bhfuil faoi rialú rialtas na Seoirsia tráth theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo (críocha scarúnaíocha).
- (8) Chun comhbheartas víosaí agus cur chuige comhchoiteann a áirithiú maidir leis na seiceálacha a bhfuil daoine faoina réir agus iad ag trasnú na dtéorainneacha seachtracha, maidir le doiciméid taistil Rúiseacha a eisítear i réigiúin nó i gcríocha san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis nó i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia, nó a eisítear chuig daoine a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin nó sna críocha sin, níor cheart glacadh le haon na doiciméid mar sin mar dhoiciméid taistil bhailí chun víosa a eisiúint agus chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann maolú a dhéanamh do dhaoine ar shaoránaigh Rúiseacha iad ar an dáta ar cuireadh tús le heisiúint doiciméad taistil Rúiseach sa réigiún nó sa chríoch faoi fhorghabháil faoi seach nó i gcríoch scarúnaíoch. Ba cheart feidhm a bheith ag an maolú sin freisin maidir le sliocht na ndaoine sin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann maolú a dhéanamh freisin más mionaoiseach nó duine faoi éagumas dlíthiúil a bhí i nduine tráth eisiúna an doiciméid taistil sin.
- (9) Ní dhéanann an Cinneadh seo difear d'inniúlacht na mBallstát aitheantas a thabhairt do dhoiciméid taistil.
- (10) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus trédhearcachta, ba cheart don Choimisiún, le cúnaimh ó na Ballstáit, liosta a tharraingt suas de dhoiciméid taistil Rúiseacha nach nglactar leo. Ba cheart a áireamh sa liosta sin an dáta ónar cuireadh tús le heisiúint na ndoiciméad taistil sin agus ar dá éis nár cheart glacadh leis na doiciméid taistil sin. Ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme ina mbeidh an liosta sin a ghlacadh. Ba cheart an gníomh cur chun feidhme sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart an liosta a ionchorprú i liosta na ndoiciméad taistil arna bhunú faoi Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(2)</sup> i dtábla doiciméad taistil arna n-eisiúint ag tríú tíortha agus ag eintitis chríochacha atá ar fáil go poiblí ar líne.

(2) Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an liosta de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhorhnuíniú le víosa, agus maidir le sásra a chur ar bun chun an liosta sin a bhunú, (IO L 287, 4.11.2011, lch. 9).

- (11) Ní dhéanann an Cinneadh seo difear don cheart chun saorghluaiseachta atá ag saoránaigh den Aontas agus a mbaill teaghlaigh, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ag na baille teaghlaigh sin dul isteach ar chríoch na mBallstát gan doiciméad taistil bailí de réir bhrí Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> go háirithe agus na gcomhaontuithe maidir le saorghluaiseacht daoine arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus na Ballstáit, de pháirt, agus tríú tíortha áirithe, den pháirt eile. Le Treoir 2004/38/CE, ceadaítear, faoi na coinníollacha a shonraítear inti, srianta ar an tsaorghluaiseacht ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí.
- (12) Urramaíonn an Cinneadh seo cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail arna n-aithint go háirithe i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.
- (13) Ní dhéanann an Cinneadh seo difear d'acquis tearmainn an Aontais agus go háirithe don cheart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta. De réir mar a meabhraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2022 dar teideal “Treoirlínte oibríochtúla a chur ar fáil maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha chun trasnuithe teorann ag na teorainneacha idir an tAontas agus an Úcráin a éascú”, tá an fhéidearthacht ag na Ballstáit i gcónaí cead a thabhairt do shealbhóirí doiciméad taistil a ndírítear orthu sa Chinneadh seo nach gcomhlíonann dá bhrí sin ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha iontrála a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> agus nach bhfuil a gceart feidhmithe acu chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, dul isteach ar chríoch na mBallstát i gcásanna aonair, dá bhforáiltear in Airteagail 25 agus 29 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup> agus in Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2016/399. Ba cheart na maoluithe sin a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir le linn na géarchéime atá ann faoi láthair, go háirithe chun cead isteach a thabhairt do na daoine uile a thagann faoi raon feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle <sup>(6)</sup>.
- (14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Chinnidh seo, eadhon feidhmiú an chomhbheartais víosaí agus limistéar Schengen a neartú trí oibleagáid a thabhairt isteach gan glacadh le doiciméid taistil áirithe chun críocha víosa a eisiúint agus na teorainneacha seachtracha a thrasnú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (15) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (16) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle <sup>(7)</sup>; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

<sup>(3)</sup> Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

- (17) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(8)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle <sup>(9)</sup>.
- (18) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(10)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle <sup>(11)</sup>.
- (19) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <sup>(12)</sup>, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle <sup>(13)</sup>.
- (20) Maidir leis an gCipir, an Bhulgáir agus an Rómáin agus an Chróit, is é atá in Airteagal 1, pointe (a) den Chinneadh seo, gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó a bhfuil baint ar bhealach eile aige le *acquis* Schengen, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011, faoi seach, ach is é atá in Airteagal 1, pointe (b), gníomh lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó a bhfuil baint ar bhealach eile aige le *acquis* Schengen, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011, faoi seach.
- (21) I bhfianaise a phráinní atá an staid, meastar gurb iomchúí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, le CFAE agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.
- (22) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, agus mar gheall ar an staid éigeandálaí réigiúin agus críocha san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis agus i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia freisin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

<sup>(8)</sup> IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

<sup>(9)</sup> Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

<sup>(10)</sup> IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

<sup>(11)</sup> Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

<sup>(12)</sup> IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

<sup>(13)</sup> Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise (doiciméid taistil Rúiseacha) arna n-eisiúint i réigiúin nó i gcríocha san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise nó i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia agus nach bhfuil, tráth theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, faoi rialú rialtas na Seoirsia, nó chuig daoine a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin nó sna críocha sin, ní ghlacfar leo mar dhoiciméid taistil bhaílí chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) víosa a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;
- (b) na teorainneacha seachtracha a thrasnú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 1, féadfar glacadh le doiciméad taistil Rúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 1:

- (a) má bhí a shealbhóir ina shaoránach Rúiseach nó ina saoránach Rúiseach roimh an dáta ábhartha arna shonrú sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 3 nó más de shliocht shaoránaigh Rúisigh den sórt sin an sealbhóir;
- (b) más ba mhionaoiseach nó má ba dhuine faoi éagumas dlíthiúil a shealbhóir tráth eisiúna doiciméid taistil den sórt sin.

Sealbhóirí doiciméad taistil a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dóibh dul isteach ar chríoch na mBallstát i gcásanna aonair, rud dá bhforáiltear in Airteagail 25 agus 29 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2016/399.

Ní dhéanfaidh an Cinneadh seo difear d'acquis tearmainn an Aontais agus go háirithe don cheart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnadh ó na Ballstáit, liosta de na doiciméid taistil dá dtagraítear in Airteagal 1 a tharraingt suas, lena n-áirítear na dátaí ónar cuireadh tús le heisiúint na ndoiciméad taistil sin.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina mbeidh an liosta dá dtagraítear sa chéad mhír. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus déanfar an liosta a ionchorprú i liosta na ndoiciméad taistil arna bhunú faoi Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Nollaig 2022.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2513 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2022

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann leis an uasmhéid tacaíochta le haghaidh torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 37, pointe (d)(iv), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, leagtar síos rialacha maidir le gníomhaíochtaí agus cláir oibríochtaí eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. I gCaibidil III den Teideal sin tá rialacha maidir le bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear, *inter alia*, aistarraingtí ón margadh.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann leis an tacaíocht le haghaidh torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce, chun róchúiteamh a sheachaint i leith aistarraingtí ón margadh den chineál sin.
- (3) Mar sin féin, is léir ó thaithí na mBallstát agus na n-eagraíochtaí táirgeoirí maidir le cur chun feidhme na gceanglas maidir le haistarraingtí ón margadh a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652, go bhfuil sé an-deacair nó dodhéanta roinnt de na ceanglais sin a chomhlíonadh maidir le táirgí áirithe. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 45(1), an ceathrú fómhír, den Rialachán sin, nach rachaidh suim an chúitimh as aistarraingt, na gcostas sórtála agus pacáistithe agus na gcostas iompair thar mheánphraghas an táirge phróiseáilte lena mbaineann ar an gcéim dar teideal “iarphróiseálaí” nó “iar-eagraíocht táirgeoirí” le linn na 3 bliana roimhe sin má dhéantar an dáileadh saor in aisce tar éis na próiseála. Mar sin féin, tagraíonn cúiteamh as aistarraingt i gcomhthéacs dáileadh saor in aisce torthaí agus glasraí don táirge ar an gcéim úr, sórtáilte, pacáistithe agus curtha chuig an gceann scríbe, eadhon an carthanas is tairbhí, agus tagraíonn an meánphraghas margaidh nár cheart a shárú do tháirge a phróiseáiltear ag an ionad seolta (“iar-eagraíocht táirgeoirí” nó “iarphróiseálaí”). Eascraíonn sé as an anailís a chuir na Ballstáit agus eagraíochtaí táirgeoirí ar fáil nach bhféadfaí na coinníollacha sin a chomhlíonadh in aon chor i gcás táirgí áirithe, go háirithe torthaí samhraidh, mar gheall ar chineál éagsúil na n-eilimintí a chuirtear i gcomparáid le chéile (e.g. táirgí úra a chuirtear chuig an gceann scríbe agus táirgí a phróiseáiltear ag an ionad seolta). Is iomchuí, dá bhrí sin, forálacha ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú, agus ag an tráth céanna dóthain gnéithe a choinneáil chun aon chineál róchúitimh as aistarraingtí ón margadh a sheachaint.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cláir oibríochtaí na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí (IO L 135, 21.4.2021, lch. 4).



- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú dá réir.
- (5) Ar mhaithe le cóir chomhionann a airithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí a aistarraingíonn torthaí agus glasraí ón margadh lena ndáileadh saor in aisce le linn na bliana táirgthe 2022, ba cheart an tréimhse iomlán bhuinte a chumhdach leis an modh ríofa nua. Ós rud é go gcuirtear tús le péitseoga agus neachtairíní a bhaint ó mhí Aibreáin gach bliain, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Aibreán 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/891**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 45(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

“Maidir le suim na gcostas sórtála agus pacáistithe dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 maidir le torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce agus a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, móide an méid tacaíochta d'aistarraingtí ón margadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní rachaidh siad thar 80 % den mheánphraghas margaidh ‘iar-eagraíocht táirgeoirí’ an táirge lena mbaineann ag an gcéim úr sna 3 bliana roimhe sin.”;

- (2) in Airteagal 46(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

“Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht chomhchineáil a cheadú ó thairbhíthe dáilte saor in aisce torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh agus atá á bpróiseáil, i gcás nach ndéanfar ach costais phróiseála, sórtála agus phacáistithe a chúiteamh leis an íocaíocht sin agus i gcás ina nglacfaidh an Ballstát ina ndéanfar an íocaíocht rialacha lena n-áiritheofar go mbeidh na táirgí próiseáilte beartaithe lena gcaitheamh ag na faighteoirí deiridh dá dtagraítear sa dara fhomhír den mhír seo. Beidh feidhm ag an teorainn a leagtar síos in Airteagal 45(1), an ceathrú fomhír.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Aibreán 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN (AE) 2022/2514 ÓN gCOIMISIÚN****an 14 Nollaig 2022****lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann lena thréimhse cur i bhfeidhm**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil le catagóirí áirithe de Státchabhair chothrománach <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Státchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In 2019, sheol an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmíocht na n-ionstraimí earnála is infheidhme maidir le státchabhair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe ó glacadh iad in 2014-2015, lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, d'fhonn iad a leasú nó ionstraim nua a chur ina n-ionad le haghaidh na tréimhse 2021-2027. Léirigh torthaí na meastóireachta sin gur uirlis ábhartha, éifeachtach, éifeachtúil é Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 i gcónaí, go háirithe chun a chur ar chumas na mBallstát dul i ngleic go tapa le tionchair dhiúltacha ghearrthéarmacha a eascraíonn as teagmhais gan choinne a d'fhéadfadh feidhmíocht eacnamaíoch oibreoirí inmharthana a chur i mbaol agus poist a chur i gcontúirt.
- (2) I gcomhthéacs na meastóireachta dá dtagraítear in aithris (1) agus chun a áirithiú go bhféadfadh na Ballstáit leanúint de mhéideanna beaga cabhrach a dheonú go dtí go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, cuireadh síneadh le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 go dtí an 31 Nollaig 2022 le Rialachán (AE) 2020/2008 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Tar éis an chomhairliúcháin le Coiste Comhairleach um Státchabhair an 11 Márta 2022 agus an 9 Meán Fómhair 2022, agus i bhfianaise na n-aighneachtaí a fuarthas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí, lean an Coimisiún dá mhachnamh i ndáil le raon feidhme an leasaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 717/2014.
- (4) Chun a chur ar chumas an Choimisiúin teacht ar a sheasamh críochnaitheach maidir leis an gceist sin agus chun a áirithiú go bhféadfadh na Ballstáit leanúint de mhéideanna beaga cabhrach a dheonú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, is iomchuí síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme an Rialacháin sin, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 agus go dtí an 31 Nollaig 2023.
- (5) Chun a áirithiú go bhféadfadh na Ballstáit leanúint de chabhair *de minimis* a dheonú gan aon bhriseadh, is gá go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a leasú dá réir,

<sup>(1)</sup> IO L 248, 24.9.2015, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil le cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2020/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, (AE) Uimh. 717/2014 agus (AE) Uimh. 1388/2014, a mhéid a bhaineann lena dtréimhse cur i bhfeidhm agus coigeartuithe ábhartha eile (IO L 414, 9.12.2020, lch. 15).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2023.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2515 ÓN gCOIMISIÚN****an 15 Nollaig 2022****maidir le rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas a dheonú le haghaidh 2023 d'earraí áirithe de thionscnamh na hIorua ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad a chumhdaítear leis an Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, go háirithe Airteagal 16(1), pointe (a), de,

Ag féachaint do Chinneadh 2004/859/CE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 maidir le Comhaontú trí Mhalartú Litreacha a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na hIorua ar Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua an 14 Bealtaine 1973 <sup>(3)</sup> ('an Comhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua') agus Prótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') <sup>(4)</sup> arna leasú le Cinneadh Uimh. 140/2001 ó Chomhchoiste LEE an 23 Samhain 2001 lena leasaítear Prótacail 2 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú LEE, maidir le táirgí próiseáilte talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta eile <sup>(5)</sup>, cinntear na socruithe trádála idir an tAontas agus Ríocht na hIorua maidir le táirgí talmhaíochta áirithe agus táirgí próiseáilte talmhaíochta áirithe.
- (2) Foráiltear le Prótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE ráta nialasach dleachta le haghaidh uiscí a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaitithe, a aicmítear faoin gcód AC 2202 10 00, agus deochanna neamhalcólacha eile nach bhfuil táirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404 iontu ná saille a fhaightear ó tháirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404, a aicmítear faoin gcód AC 2202 90 10.
- (3) An 1 Eanáir 2017, cuireadh cóid AC 2202 91 00 agus 2202 99 ar cuireadh cóid AC 2202 10 00 ina n-ionad in ionad chód AC 2202 90. Dá bhrí sin, ba cheart go gclúdódh an Rialachán seo táirgí a bhfuil cóid AC 2202 10 00, ex 2202 91 00 agus ex 2202 99 ag gabháil leo.
- (4) Leis an gComhaontú trí mhalartú litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua <sup>(6)</sup> ('an Comhaontú trí mhalartú litreacha') cuirtear ar fionraí go sealadach an córas saor ó dhleacht arna chur i bhfeidhm faoi Phrótacal 2 maidir le hearraí aicmithe faoi na cóid AC 2202 10 00 (uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaitithe) agus ex 2202 90 10 (deochanna neamhalcólacha eile ina bhfuil siúcra) ar cuireadh na cóid AC 2202 10 00 ina n-ionad, ex 2202 91 00 agus ex 2202 99. I gcomhréir leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha, ní cheadófar allmhairí saor ó dhleacht na n-earraí sin, de thionscnamh na hIorua, ach amháin faoi theorainneacha cuóta saor ó dhleacht. Beidh dleacht le híoc ar allmhairí a sháraíonn an cuóta saor ó dhleacht sin.
- (5) Thairis sin, ceanglaítear leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha, más rud é nach bhfuil an taraif-chuóta ídithe faoin 31 Deireadh Fómhair an bhliain roimhe, go ndeonófar do na táirgí i dtrácht rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas.

<sup>(1)</sup> IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.<sup>(2)</sup> IO L 370, 17.12.2004, lch. 70.<sup>(3)</sup> IO L 171, 27.6.1973, lch. 2.<sup>(4)</sup> IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.<sup>(5)</sup> IO L 22, 24.1.2002, lch. 34.<sup>(6)</sup> IO L 370, 17.12.2004, lch. 72.

- (6) De réir sonraí a cuireadh ar fáil don Choimisiún, ní raibh cuóta bliantúil 2022 do na táirgí i dtrácht, arna oscailt le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2154 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>, níor ídíodh é faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas a dheonú do na táirgí i dtrácht ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.
- (7) Dá bhrí sin, maidir leis an bhfionraí sealadach ar an gcóras saor ó dhleacht a chuirtear i bhfeidhm faoi Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíoch na hEorpa agus Ríocht na hIorua, níor cheart an fionraí sin a chur i bhfeidhm don bhliain 2023.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um cheisteanna cothrománacha a bhaineann le trádáil i dtáirgí próiseáilte talmhaíochta nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, deonófar rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas d'earraí de thionscnamh na hIorua a liostaítear san Iarscríbhinn.
2. Na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i bPrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála déthaobhach idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua, beidh feidhm acu maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2154 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena n-osclaítear taraif-chuóta do 2020 maidir le hallmhairiú isteach san Aontas earraí áirithe de thionscnamh na hIorua ar toradh iad ar phróiseáil táirgí talmhaíochta a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 327, 17.12.2019, lch. 66).

## IARSCRÍBHINN

## Earraí de thionscnamh na hIorua dá ndeonófar rochtain neamhtheoranta saor ó dhleacht ar an Aontas ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023

Uimhir an Ordaithe	Cód AC	Cód TARIC	Tuairisc ar na hearraí
09.0709	2202 10 00		— Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe
	ex 2202 91 00	10	— Beoir neamhalcólach ina bhfuil siúcra
	ex 2202 99 11	11 19	— Deochanna bunaithe ar shoighe ina bhfuil cion próitéine 2,8 % nó níos mó de réir meáchain agus ina bhfuil siúcra (siúcros nó siúcra inbhéartaithe)
	ex 2202 99 15	11 19	— Deochanna bunaithe ar shoighe ina bhfuil cion próitéine 2,8 % nó níos mó de réir meáchain; deochanna bunaithe ar chnónna Chaibidil 8 de Chód Custaim an Aontais, ar ghránaigh Chaibidil 10 de Chód Custaim an Aontais nó ar shíolta Chaibidil 12 de Chód Custaim an Aontais ar deochanna iad ina bhfuil siúcra (siúcros nó siúcra inbhéartaithe)
	ex 2202 99 19	11 19	— Deochanna neamhalcólacha eile nach bhfuil táirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404 iontu ná saill a fhaightear ó tháirgí faoi cheannteidil 0401 go 0404, ina bhfuil siúcra (siúcros nó siúcra inbhéartaithe)

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2516 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Samhain 2022

### Iena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 <sup>(2)</sup>, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Manuel Alejandro CARDENETE FLORES agus María SÁNCHEZ RUIZ a cheapadh.
- (4) Mhol Rialtas na Spáinne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Ana Belén ÁLVAREZ FERNÁNDEZ, *Consejera de Economía y Hacienda del Gobierno de Cantabria* (Aire Réigiúnach Geilleagair agus Airgeadais, Rialtas Cantabria), agus José Enrique MILLO ROCHER, *Secretario General de Acción Exterior, Unión Europea y Cooperación, Junta de Andalucía* (Ard-Rúnaí um Ghníomhaíocht Sheachtrach, an tAontas Eorpach agus Comhar, Rialtas na hAndalúise),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu nó iad freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

— Ana Belén ÁLVAREZ FERNÁNDEZ, *Consejera de Economía y Hacienda del Gobierno de Cantabria* (Aire Réigiúnach Geilleagair agus Airgeadais, Rialtas Cantabria),

<sup>(1)</sup> IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— José Enrique MILLO ROCHER, *Secretario General de Acción Exterior, Unión Europea y Cooperación, Junta de Andalucía* (Ardrúnaí um Ghníomhaíocht Sheachtrach, an tAontas Eorpach agus Comhar, Rialtas na hAndalúise).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. BORRELL FONTELLES

---



**CINNEADH (AE) 2022/2517 ÓN gCOMHAIRLE****an 12 Nollaig 2022****maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus leanúint leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Shínigh an tAontas an Comhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive <sup>(1)</sup> (“an Comhaontú”) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ón 29 Meitheamh 2022.
- (2) Le hAirteagal 6(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí.
- (3) Le hAirteagal 6(6) den Chomhaontú, foráiltear go bhfuil an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.
- (4) Mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chomhaontú, tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 31 Márta 2023. Tá an Comhchoiste le tionól, áfach, 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.
- (5) Chun go leanfaidh an tAontas agus Poblacht na Moldóive araon de thairbhiú den Chomhaontú, ba cheart síneadh a chur leis go dtí an 30 Meitheamh 2024.
- (6) Le linn an chruinnithe a bheidh aige an 15 Nollaig 2022, tá an Comhchoiste le cinntí a ghlacadh lena nglacfar a rialacha nós imeachta agus maidir leis an ngá leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna.
- (7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste maidir le glacadh na rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú a bhunú, ós rud é go mbeidh a chinntí ina gceangal ar an Aontas.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar na dréachtchinní atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 6 den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (“an Comhaontú”), a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinní ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo <sup>(3)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 181, 7.7.2022, lch. 4.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2022/1165 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive (IO L 181, 7.7.2022, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Féach na doiciméid ST 15347/22 ADD1 agus ST 15347/22 ADD2 ag <http://register.consilium.europa.eu>

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinní ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

Z. NEKULA

---

**DRÉACHT****CINNEADH UIMH. 1/2022 ÓN gCOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR  
LE HIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA  
MOLDÓIVE****an ...****maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Mar a leagtar amach in Airteagal 6(6) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Rialacha nós imeachta**

Leis seo, glactar rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann an Chomhchoiste  
Na Comhchathaoirligh*

---

<sup>(1)</sup> IO AEL 181, 7.7.2022, lch. 4.

## IARSCRÍBHINN

**Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste***Airteagal 1***Cinn Toscaireachta**

1. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ar an gComhchoiste. Ceapfaidh gach páirtí Ceann a thoscaireachta agus, i gcás inar gá, Leas-Cheann a thoscaireachta. Féadfar an Leas-Cheann nó ainmní a chur in ionad an Chinn Toscaireachta le haghaidh cruinniú ar leith.
2. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó Phoblacht na Moldóive ina chathaoirleach ar an gComhchoiste ar bhonn idir-mhalartach. Is é Ceann na toscaireachta ábhartha, nó má bhíonn sé as láthair, an Leas-Cheann nó an t-ainmní a cheapfar chun a n-ionad a ghabháil, a ghníomhóidh mar chathaoirleach.

*Airteagal 2***Cruinnithe**

1. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile de réir mar is gá agus nuair is gá. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go dtionólfai cruinniú. Tionólfar an Comhchoiste freisin 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de.
2. Tionólfaidh an Comhchoiste cruinnithe aghaidh ar aghaidh nó ar bhealaí eile (e.g. glaonna comhdhála nó físchomhdhála).
3. Maidir le cruinnithe a réachtáil beidh sealáíocht ann, a oiread agus is féidir, idir áit i mBallstát de chuid an Aontais agus Poblacht na Moldóive, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.
4. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ann.
5. Nuair a bheidh dáta agus áit na gcruinnithe comhaontaithe ag na Páirtithe, is é an Coimisiún Eorpach a thionólfaidh cruinnithe le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus is í an Aireacht atá i gceannas ar iompar de bhóthar a thionólfaidh cruinnithe le haghaidh Phoblacht na Moldóive.
6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Chomhchoiste ar oscailt don phobal. Más gá, féadfar preaseisiúint a dhreachtú trí chomhaontú frithpháirteach ag deireadh an chruinnithe.

*Airteagal 3***Toscaireachtaí**

1. Roimh gach cruinniú, cuirfidh na Cinn Toscaireachta a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí le haghaidh an chruinnithe.
2. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe pháirtithe leasmhara an tionscail iompair de bhóthar freastal ar chruinnithe nó ar chodanna de na cruinnithe mar bhreathnóirí, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh de chomhthoil.
3. Féadfaidh an Comhchoiste, má chomhaontaítear amhlaidh de chomhthoil, cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara nó saineolaithe eile freastal ar a chruinnithe nó codanna díobh chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair áirithe.
4. Ní ghlacfaidh breathnóirí páirt i bpróiseas cinnteoireachta an Chomhchoiste.

*Airteagal 4***Rúnaíocht**

Oifigeach ó sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh agus oifigeach ón Aireacht atá i gceannas ar iompar de bhóthar Phoblacht na Moldóive, gníomhóidh siad go comhpháirteach mar rúnaithe an Chomhchoiste.

*Airteagal 5***Clár oibre na gcruinnithe**

1. Leagfaidh na Cinn Toscaireachta síos clár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe trí chomhaontú frithpháirteach. Tarchuirfidh na rúnaithe an clár oibre sealadach chuig comhaltaí na dtoscaireachtaí cúig lá dhéag roimh dháta an chruinnithe ar a dhéanaí.
2. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar ítimí seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre, má chomhaontaíonn an Comhchoiste amhlaidh.
3. An teorainn ama a shonraítear i mír 1, féadfaidh na Cinn Toscaireachta iad a ghiorrú chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

*Airteagal 6***Miontuairiscí**

1. Déanfar dréacht-mhiontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a dhréachtú tar éis an chruinnithe. Léireofar iontu na hítimí a pléadh agus na cinntí a glacadh.
2. Laistigh de mhí tar éis an chruinnithe, cuirfidh an Ceann Toscaireachta óstach na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Chinn Toscaireachta eile, trí rúnaithe an Chomhchoiste, lena bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn.
3. Nuair a bheidh na miontuairiscí formheasta, síneoidh na Cinn Toscaireachta iad i ndúblach agus comhdóidh gach Páirtí cóip bhunaidh amháin. Féadfaidh na Cinn Toscaireachta a chinneadh go bhféadfar an ceanglas sin a chomhlíonadh trí chóipeanna leictreonacha a shíniú agus a mhalartú.
4. Miontuairiscí chruinnithe an Chomhchoiste, cuirfear ar fáil go poiblí iad mura n-iarrfaidh ceann de na Páirtithe a mhalairt.

Féadfaidh na Cinn Toscaireachta an teorainn ama a shonraítear i mír 2 a ghiorrú agus teacht ar chomhaontú maidir le dáta a mhéid a bhaineann leis an bhformheas a shonraítear i mír 3 chun na ceanglais nó an phráinn a bhaineann le hábhar áirithe a thabhairt san áireamh.

*Airteagal 7***Nós imeachta i scríbhinn**

I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, féadfar cinntí ón gComhchoiste a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Chun na críche sin, malartóidh na Cinn Toscaireachta na dréachtbhearta a n-iarrtar tuairim an Chomhchoiste ina leith, agus féadfar an tuairim sin a dheimhniú trí mhalartú comhfhreagrais ina dhiaidh sin. Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh go dtionólfar an Comhchoiste chun an t-ábhar a phlé.

*Airteagal 8***Pléítí**

1. Is ar bhonn chomhthoil na bPáirtithe a ghlacfaidh an Comhchoiste cinntí.
2. Beidh an teideal 'Cinneadh' ar chinntí an Chomhchoiste, agus beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar i ndiaidh an teidil.

3. Síneoidh na Cinn Toscaireachta cinní an Chomhchoiste agus cuirfear i gceangal leis na miontuairiscí iad.
4. Déanfaidh na Páirtithe na cinní a ghlacfaidh an Comhchoiste a chur chun feidhme i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin.
5. Féadfaidh na Páirtithe na cinní a ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin. Déanfaidh gach Páirtí cóip bhunaidh amháin de na cinní a chomhdú.

#### *Airteagal 9*

#### **Meithleacha**

1. Féadfaidh an Comhchoiste meithleacha a bhunú chun cuidiú leis an gComhchoiste a dhualgais a chur i gcrích. Na téarmaí tagartha le haghaidh meithle, déanfaidh an Comhchoiste iad a fhorghnó i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú agus cuirfear iad in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh lena mbunaítear an mheitheal.
2. Ionadaithe ó na Páirtithe a bheidh ar na meithleacha.
3. Déanfaidh na meithleacha a gcuid oibre faoi údarás an Chomhchoiste dá dtuairisceoidh siad tar éis gach ceann dá gcruinnithe. Ní dhéanfaidh siad cinní ach féadfaidh siad moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.
4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh tráth ar bith deireadh a chur le meithleacha atá ann cheana, a dtéarmaí tagartha a mhodhnú, nó meithleacha nua a bhunú chun cabhrú leis a dhualgais a chur i gcrích.

#### *Airteagal 10*

#### **Costais**

1. I dtaca leis na costais a bhaineann le rannpháirtíocht na bPáirtithe i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha, glanfaidh na Páirtithe na costais sin, a mhéid a bhaineann le costais foirne, taistil agus chothaithe agus le costais phoist agus teileachumarsáide chomh maith.
2. Is ar an bPáirtí a óstálfadh an cruinniú a thitfidh aon chostas eile a bhaineann le heagrú ábhartha na gcruinnithe.

#### *Airteagal 11*

#### **Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú**

Féadfaidh an Comhchoiste, tráth ar bith, na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú trí chinneadh a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 6(5) den Chomhaontú.

---

**DRÉACHT****CINNEADH UIMH. 2/2022 ÓN gCOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE HIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA MOLDÓIVE****an ...****maidir leis an leanúint leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh 1/2022 uaidh an [15 Nollaig 2022<sup>o</sup>], ghlac an Comhchoiste a Rialacha Nós Imeachta.
- (2) Mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive ('an Comhaontú'), tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 31 Márta 2023.
- (3) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear fad na leanúna.
- (4) Léirigh an faireachán a rinneadh ar an gComhaontú go bhfuil an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive araon tar éis tairbhí a bhaint as i dtéarmaí trádála, agus go bhfuil oibreoirí iompair de bhóthar an dá pháirtí tar éis tairbhe a bhaint as an méadú ar sheirbhísí iompair de bhóthar freisin.
- (5) Chuir an Comhaontú ar chumas Phoblacht na Moldóive tús a chur lena trádáil a atreorú i dtreo an Aontais, agus dá bhrí sin, rannchuidigh sé le geilleagar na Moldóive a chomhtháthú de réir a chéile i ngeilleagar an iarthair. In éineacht le comhaontú inchomparáide maidir le hiompar de bhóthar a síníodh leis an Úcráin, d'éascaigh sé freisin onnmhairiú earraí na hÚcráine, rud a rannchuidigh leis na Lánaí Dúlthpháirtíochta.
- (6) Ba cheart féachaint ar fhadú an Chomhaontaithe mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.
- (7) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Leanúint leis an gComhaontú**

Leis seo, cuirtear síneadh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive go dtí an 30 Meitheamh 2024.

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

(<sup>1</sup>) IO AE L 181, 7.7.2022, lch. 4.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste  
Na Comhchathaoirligh*

---



**CINNEADH (AE, Euratom) 2022/2518 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 13 Nollaig 2022**  
**lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, ní mór a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.
- (2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (“na Rialacha Nós Imeachta”) <sup>(1)</sup>.
- (3) Foráiltear, le hAirteagal 11(6) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d’Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2023.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

“IARSCRÍBHINN III

**Na figiúirí maidir le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle**

An Ballstát	Daonra	Céatadán de dhaonra an Aontais (%)
an Ghearmáin	83 203 320	18,59
an Fhrainc	67 842 582	15,16
an Iodáil	59 607 184	13,32
an Spáinn	47 432 805	10,6
an Pholainn	37 654 247	8,41
an Rómáin	19 038 098	4,25
an Ísiltír	17 734 036	3,96
an Bheilg	11 631 136	2,6

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

An Ballstát	Daonra	Céatadán de dhaonra an Aontais (%)
an Ghréig	10 603 810	2,37
an tSeicia	10 545 457	2,36
an tSualainn	10 440 000	2,33
an Phortaingéil	10 352 042	2,31
an Ungáir	9 689 010	2,17
an Ostair	8 967 500	2,00
an Bhulgáir	6 838 937	1,53
an Danmhairg	5 864 667	1,31
an Fhionlainn	5 541 241	1,24
an tSlóvaic	5 434 712	1,21
Éire	5 060 004	1,13
an Chróit	3 862 305	0,86
an Liotuáin	2 805 998	0,63
an tSlóivéin	2 107 180	0,47
an Laitvia	1 875 757	0,42
an Eastóin	1 331 796	0,3
an Chipir	904 700	0,2
Lucsamburg	643 648	0,14
Málta	520 971	0,12
EU 27	447 533 143	
Tairseach (65 %)	290896543”	

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2519 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Nollaig 2022**

**maidir leis na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin le haghaidh an chórais e-CODEX, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850, tá an córas e-CODEX comhdhéanta de phointe rochtana e-CODEX, de chaighdeán nós imeachta dhigiteacha, agus de tháirgí bogearraí tacaíochta, doiciméadacht tacaíochta agus sócmhainní tacaíochta eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (2) Tá pointe rochtana e-CODEX comhdhéanta de thairseach ina bhfuil bogearraí bunaithe ar shraith choiteann prótacal, lenar féidir faisnéis a mhalartú go slán thar líonra teileachumarsáide le tairseacha eile a úsáideann an tsraith prótacal choiteann chéanna, agus de nascóir, lenar féidir córais nasctha a nascadh leis an tairseach, ina bhfuil bogearraí bunaithe ar shraith prótacal choiteann oscailte.
- (3) Chun go n-éireoidh le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX chuig eu-LISA, agus chun gur féidir na cúraimí a mbeidh eu-LISA freagrach astu a chomhlíonadh, ba cheart na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla a bhunú, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX.
- (4) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus dá bhrí sin níl sí faoi cheangal ag an gCinneadh seo ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní raibh Éire rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus dá bhrí sin níl sí faoi cheangal ag an gCinneadh seo ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus thug sé a thuairim uaidh an 24 Samhain 2022.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/850,

<sup>(1)</sup> IO L 150, 1.6.2022, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850, beidh siad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

\_\_\_\_\_

## IARSCRÍBHINN

**Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin le haghaidh an chórais e-CODEX, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht****1. RÉAMHRÁ**

San Iarscríbhinn seo, leagtar amach na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin le haghaidh chomhpháirteanna e-CODEX, lena n-áirítear na sonraíochtaí agus na caighdeáin maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus ar bharántúlacht.

**2. COMHPHÁIRTEANNA AN CHÓRAIS E-CODEX**

2.1. De réir Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, tá an córas e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(a) pointe rochtana e-CODEX, atá comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- (i) tairseach;
- (ii) nascóir.

(b) caighdeáin nós imeachta dhigiteacha,

(c) na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní tacaíochta eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850:

- (i) cód foinse an Ardáin Lárnaigh Tástála;
- (ii) cód foinseach na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta;
- (iii) Binse Oibre Meiteashonraí (MDW);
- (iv) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais;
- (v) doiciméadacht ailtireachta.

2.2. Ó thaobh feidhme de, roinntear na heilimintí sin ina dhá gcatagóir: bosca Uirlisí e-CODEX agus sócmhainní in-imscartha e-CODEX.

**2.3. Tá an córas e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:**

- (a) Doiciméadacht ailtireachta e-CODEX;
- (b) Cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra;
- (c) Cód foinseach na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta;
- (d) Cód foinseach an Ardáin Lárnaigh Tástála;
- (e) Ceadúnas ó thríú páirtí le haghaidh Binse Oibre Meiteashonraí;
- (f) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais;
- (g) Caighdeáin nós imeachta dhigiteacha.

**(a) Doiciméadacht ailtireachta e-CODEX**

Is éard is doiciméadacht ailtireachta ann doiciméadacht a úsáidtear chun eolas teicniúil agus faisnéiseach a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha maidir le roghnú na gcaighdeán nach mór do shócmhainní eile de chuid an chórais e-CODEX a chomhlíonadh. Sainítear ann na ceanglais agus na prionsabail a bhfuil feidhm acu nuair a bhíonn cumarsáid trasteorann idir-inoibritheach á cruthú chun malartú leictreonach sonraí a éascú, lena n-áirítear aon ábhar in-tarchurtha i bhfoirm leictreonach. Ina theannta sin, liostaítear ann na caighdeáin agus na modheolaíochtaí a roghnaíodh ar a bhfuil an córas e-CODEX bunaithe. Déanann an ailtireacht neamhspleáchas an chórais e-CODEX a áirithiú.

**(b) Cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra**

Úsáidtear cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra chun na sócmhainní in-imscartha a bhfuil cur síos orthu i gcaibidil 2.4.2. a chruthú.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

**(c) An Uirlis Bainistíochta Cumraíochta**

An Uirlis Bainistíochta Cumraíochta, is uirlis ghréasán-bhunaithe í le haghaidh comhaid chumraíochta a bhainistiú a bhaineann leis an Tairseach r-Sheachadadh agus leis an Nascóir, agus cuireann sí bealach caighdeánaithe ar fáil chun an sreabhadh oibre cumraíochta a láimhseáil. Is féidir leis an eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige rochtain a fháil ar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta trí thairseach atá ar fáil ar fud an domhain agus is féidir leis a chuid sonraí cumraíochta r-Sheachadadh a uaslódáil. Ní mór a áireamh sna sonraí a uaslódáiltear faisnéis faoi chumraíocht críochphointe líonra na Tairisí, gach deimhniú slándála is gá don nasc, chomh maith leis na tionscadail, timpeallachtaí agus cásanna úsáide sonracha a bhfuil an t-eintiteas rannpháirteach iontu. Tá an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta ann le seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar bhailíocht na sonraí a uaslódáiltear agus aiseolas a thabhairt don eintiteas a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú aige má bhíonn earráidí ann.

Nuair a fhaightear fógra faoi aon athrú ar na sonraí a sholáthraíonn eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, déanfar pacáiste cumraíochta e-CODEX nua a tháirgeadh (féach pointe 2.4.3.) trí úsáid a bhaint as an uirlis sin. Na heintitis uile a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX, tá fógra le tabhairt dóibh faoi chruthú an phacáiste cumraíochta e-CODEX nua agus is féidir leo é a íoslódáil go díreach ón Uirlis Bainistíochta Cumraíochta aon tráth. Is féidir leis an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta pacáistí cumraíochta e-CODEX a sholáthar le haghaidh timpeallachtaí TF éagsúla, amhail TÁSTÁIL, GLACADH nó TÁIRGEADH.

Beidh feidhm ag pacáistí cumraíochta e-CODEX nua seacht lá tar éis a gcruthaithe agus, más infheidhme, ní mór d'eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX an pacáiste nua a shuiteáil ina dtimpeallacht féin faoin tráth sin.

Ina theannta sin, coimeádann an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta an t-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX cothrom le dáta maidir le hamanna rite a ndeimhnithe slándála agus tugann sé fógra roimh ré, trí ríomhphost, faoi dhul in éag na ndeimhnithe sin nuair a bhíonn sin ag druidim leo. I gcás ina ligfeadh eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige a ndeimhnithe slándála a dhul in éag, déanfar iad a bhaint go huathoibríoch nuair a chruthófar an chéad phacáiste eile.

Déanfar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta a óstáil go lárnach agus beidh sé ar fáil 24/7 do rannpháirtithe e-CODEX. Beidh an tacaíocht teoranta d'uaireanta gnó.

**(d) An tArdán Lárnach Tástála**

Is bonneagar tástála uathoibríche é an tArdán Tástála Lárnach e-CODEX. Cuireann sé ar chumas an eintitis a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige tástálacha nascachta agus tástálacha ó cheann go ceann a dhéanamh idir a mbonneagar e-CODEX agus a lárphointe tástála seasta gan aon chomhpháirtí eile (e.g. pointe rochtana údaraithe e-CODEX eile) a bheith ag teastáil chun feidhmiúlachtaí cumarsáide a thástáil. Fágann sé gur féidir teachtaireachtaí tástála inoiriúnaithe a sheoladh agus a fháil agus dá bhrí sin laghdaítear an iarrach a bhíonn ag teastáil chun bonneagar e-CODEX a thástáil tráth na suiteála tosaigh agus tráth na tástála cúlchéimnithe araon. Déantar an dul chun cinn i dteachtaireachtaí aonair, fianaise agus logaí earráide a bhaineann le Ríomhphoist Cláraithe ó Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) a rianú agus a chur i láthair do na heintitis a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu trí phróisis amhairc atá deartha go sonrach.

Is éard atá san Ardán Tástála Lárnach tairseach e-CODEX, Nascóir, Nascóir-cliant agus Comhéadan Grafach Úsáideora Gréasáin gaolmhar (faoi láthair, gréasán tosaigh/cúil atá tógtha ar Nuxt.js) is féidir a úsáid chun teachtaireachtaí a sheoladh chuig tairseach comhpháirtí chomh maith le teachtaireachtaí a fheiceáil a sheolann an tairseach chéanna chuig an Ardán Tástála Lárnach. Faoi láthair, stóráiltear an tArdán Tástála Lárnach faisnéis oibriúcháin thábhachtach (athróa áitiúla) ar ásc MongoDB agus léann sé faisnéis chumraíochta (páirtí) ó bhunachar sonraí an nascóra. Ina theannta sin, úsáideann sé Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir (API) an aistrithe stáit ionadaíochta nascóir-cliant chun faisnéis a fháil faoi theachtaireachtaí e-CODEX agus teachtaireachtaí nua a chur chuig an nascóir agus an tairseach.

Chun réiteach inoiriúnaithe a sholáthar le haghaidh gach timpeallachta e-CODEX, úsáidtear an tArdán Tástála Lárnach in áisc éagsúla (cóipeanna) atá ann i dtimpeallachtaí éagsúla e-CODEX. Tá gach ásc den Ardán Tástála Lárnach imscartha faoi láthair i dtimpeallacht UNIX (CentOS 7), ina bhfuil gach comhpháirt ann i gcomhar lena chéile. Leis sin, éascaítear riarachán agus rochtain ar chóras na gcomhad ach is féidir é a oiriúnú chun freastal ar shuiteálacha ina gcoimeádtar bonneagar teachtaireachtaí e-CODEX ar leithligh.

Tá gach úsáideoir den Ardán Tástála Lárnach nasctha le tairseach amháin (1). Chun an tArdán Tástála Lárnach a úsáid le haghaidh tástála, is é an t-aon cheanglas atá ann go bhfuil tairseach an phointe rochtana údaraithe e-CODEX sin sna p-mhóid le haghaidh na timpeallachta áirithe sin d'Uirlis Bainistíochta Cumraíochta e-CODEX.

**(e) An Binse Oibre Meiteashonraí**

Is uirlis é an binse oibre meiteashonraí ina ndéantar Croistór Focal r-Cheartais an Aontais a riar. Cuireann sé ar chumas na samhaltóirí séimeantacha an stór focal a chothabháil ar bhealach inbhuanaithe a chloíonn le caighdeán samhaltaithe Shonraíocht Teicniúla na Croí-Chomhpháirteanna mar a shainmhínítear i ndoiciméadacht ailtreachta e-CODEX. Is réiteach “bogearraí mar sheirbhís” gréasánbhunaithe é nach bhfuil rochtain theoranta aige ach ar riarthóirí Croistór Focal r-Cheartais an Aontais. Forbraíodh agus oibrítear an Binse Oibre Meiteashonraí thar ceann Aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála na hÍsiltíre. Ar bhonn comhaontú ceadúnais atá le tabhairt i gcrích idir an Aireacht Dlí agus Cirt agus eu-LISA, tabharfar rochtain do eu-LISA ar an mBinse Oibre Meiteashonraí chun Croistór Focal r-Cheartais an Aontais a riar agus a oibriú.

**(f) Croistór Focal r-Cheartais an Aontais**

Is sócmhainn é Croistór Focal r-Cheartais an Aontais le haghaidh téarmaí agus sainmhínithe séimeantacha in-athúsáidte a úsáidtear chun comhsheasmhacht sonraí agus cáilíocht sonraí a áirithiú le himeacht ama agus i ngach cás úsáide. Tá gach struchtúr teachtaireachta a bhaineann le cásanna úsáide sonracha (scéimrí XML) bunaithe ar a stór séimeantach.

D'fhéadfaí na hathruithe a thiocfaidh ar an gCroistór Focal r-Cheartais amach anseo a dhéanamh i gcomhréir leis na Croistórtha Focal <sup>(2)</sup>. Chun comhréireacht leis an tsonraíocht a bhailíochtú, d'fhéadfaí bailíochtóir XML-bhunaithe a bhunú trí úsáid a bhaint as an tseirbhís Binse Tástála Idir-inoibritheachta a chuireann an Coimisiún ar fáil.

**(g) Caighdeán nós imeachta dhigiteacha**

Ciallaíonn caighdeán nós imeachta digiteach na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh samhla próisis gnó agus le haghaidh na scéimrí sonraí lena leagtar amach struchtúr leictreonach na sonraí arna malartú tríd an gcóras e-CODEX bunaithe ar Croistór Focal r-Cheartais an Aontais. Sa tsamhail próisis gnó, tugtar tuairisc ar chur chun feidhme teicniúil nós imeachta leictreonach na hionstraime dlí a dtacaíonn córas e-CODEX leis.

Is éard is toradh ar an tsamhail próisis gnó in éineacht le Croistór Focal r-Cheartais an Aontais, scéimrí XML ina dtugtar tuairisc ar struchtúr leictreonach na gcaighdeán nós imeachta digiteach. A bhuí le scéimrí XML, féadann pointí rochtana údaraithe doiciméid a sheoladh agus a fháil mar a fhoráiltear le hionstraim um chomhar breithiúnach trasteorann.

**2.4. Sócmhainní in-imscartha e-CODEX**

Is comhpháirteanna e-CODEX iad sócmhainní in-imscartha e-CODEX arna n-imscaradh ag eintitis a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX ina dtimpeallacht e-CODEX. Cé is moite den tairseach, tá siad le dáileadh ag eu-LISA ar na heintitis a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX.

Is iad seo a leanas na sócmhainní in-imscartha:

- (a) An Tairseach (pointe 2.4.1);
- (b) Foireann Feidhmchláir an Nascóra (pointe 2.4.2);
- (c) An pacáiste cumraíochta e-CODEX (lena n-áirítear na p-mhóid, deimhnithe poiblí agus socruithe slándála) (pointe 2.4.3);
- (d) Dearadh an chomhoibrithe gnó nó an tsamhail próisis gnó mar chuid de na caighdeán nós imeachta dhigiteacha;
- (e) Is struchtúir teachtaireachta iad na scéimrí XML mar chuid de na caighdeán nós imeachta dhigiteacha.

**2.4.1. An Tairseach**

Is í an Tairseach laistigh den chóras e-CODEX an bloc tógála atá freagrach as an malartú cumarsáide bunúsach. Faoi láthair cuirtear na caighdeán seo a leanas chun feidhme sa tairseach:

- (a) Caighdeán OASIS <sup>(3)</sup> ebMS 3.0: Teachtaireachtaí idir-mhalartaithe tairsí a chomhlíonann an caighdeán ebXML. Leis an gcaighdeán sin, sainítear an struchtúr nach mór a bheith ag ceanntásc teachtaireachta le go dtuigfí é i mbonneagar e-CODEX;
- (b) Próifíl seolta teachtaireachtaí an ráitis infheidhmeachta (AS4) maidir le OASIS: Is próifíl comhréireachta í seo a bhaineann le sonraíocht OASIS ebMS 3.0;

<sup>(3)</sup> <https://joinup.ec.europa.eu/collection/semantic-interoperability-community-semic/core-vocabularies>

<sup>(2)</sup> An Eagraíocht um Chur chun Cinn Caighdeán Faisnéise Struchtúrtha.

(c) Próifíl choiteann na próifíle r-Sheachadta AS4 <sup>(4)</sup>.

Is féidir aon réiteach tairisí a chomhlíonann na ceanglais sin a úsáid.

#### 2.4.2. **Foireann Feidhmchláir an Nascóra**

Is comhpháirt nasctha é an nascóir chun feidhmchláir náisiúnta a bhaineann go sonrach le caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a nascadh leis na caighdeáin chineálacha maidir le seoladh teachtaireachtaí is infheidhme sa tairseach. Dá bhrí sin, cuireann an chomhpháirt seo na gnéithe seo a leanas leis an gcumarsáid bhunúsach a bunaíodh cheana féin le comhpháirt na tairisí:

- (a) **Fianaise i ríomhphoist chláráithe ó ETSI:** Is fianaise iad sin a ghineann an nascóir i bhformáid shínithe XML. Is é cuspóir na fianaise sin an seoltóir a chur ar an eolas faoi theachtairacht maidir le próiseáil rathúil nó neamh-rathúil na teachtaireachta. Déanann an nascóir fianaise a ghiniúint agus a chur isteach ag céimeanna éagsúla den phróiseáil teachtaireachtaí;
- (b) **Ceadchomhartha TrustOK:** Leis an nascóir seolta bailíochtaítear sláine agus fiordheimhniú an doiciméid gnó sa teachtaireacht. Scríobhtar toradh an bhailíochtaíthe sin i gceadchomhartha TrustOK. Gintear an ceadchomhartha sin le fomhodúl den nascóir: an leabharlann slándála;
- (c) **Coimeádán ASIC-S:** I gcomhréir le Caighdeán ETSI EN 319 162-1 maidir le Síinthe Leictreonacha agus Bonneagair Leictreonacha agus Coimeádáin Síinthe Ghaolmhara (ASiC). Leis an gcoimeádán áiríthítear barántúlacht agus sláine an phálasta arna dtarchur ag an nascóir;
- (d) **Slándáil WS:** Chun slándáil tharchur na dteachtairachtaí a mhéadú, úsáideann an nascóir an tslándáil WS ar thaobh na tairisí, agus ar thaobh an chórais nasctha le haghaidh tarchur. Fágann sé sin go mbíonn gach teachtaireacht a chuireann an nascóir isteach nó a fhaigheann sé criptithe agus sínithe;
- (e) **API Coiteann:** Cuireann an nascóir API cobhsaí ar fáil, ar rud é a shainíonn na seirbhísí gréasáin a úsáidtear chun nascadh leis an tairseach agus le feidhmchlár nó feidhmchláir na gcóras nasctha. In API an nascóra tugtar tuairisc freisin ar struchtúr na dteachtairachtaí a mhalartaítear leis an nascóir.

Sa bhreis ar bhogearraí an nascóra féin, tá cliant feidhmchláir san fhoireann feidhmchláir freisin atá beartaithe chun tacú le córas nasctha le haghaidh seoladh teachtaireachtaí e-CODEX a láimhseáil, nó chun an córas sin a ionadú.

Mar aon leis sin, forbraíodh breiseán le haghaidh thairseach Domibus go sonrach <sup>(5)</sup> chun nasc a dhéanamh idir API coiteann an nascóra agus cór próiseála na tairisí.

#### 2.4.3. **Pacáiste cumraíochta e-CODEX**

I gcumarsáid atá bunaithe ar ebMS 3.0, rialaíonn p-mhód (nó mód próiseála) tarchur na dteachtairachtaí uile a bhfuil baint acu le malartú teachtaireachtaí idir dhá Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí. Áirítear i bpacáiste cumraíochta e-CODEX bailiúchán de pharaiméadair chumraíochta teachtaireachtaí (comhaid p-mhóid, roinnt stór iontaoibhe le haghaidh deimhnithe, seoltaí líonra) ina sonraítear go mionsonraithe an bealach a dhéantar teachtaireachtaí a sheoladh.

Is féidir paraiméadair cumraíochta teachtaireachtaí a aicmiú de réir na gcúig chatagóir seo a leanas:

- (a) Paraiméadair a bhaineann leis an seoltóir, amhail:
  - (i) aitheantóir pháirtí an tseoltóra;
  - (ii) an deimhniú a úsáideann an seoltóir chun teachtaireachtaí a shíniú;
  - (iii) údarais deimhniúcháin a bhfuil iontaoibh ag an seoltóir astu;
  - (iv) seoladh nó seoltaí an líonra óna dtionscnóidh an seoltóir cumarsáid.
- (b) Paraiméadair a bhaineann leis an bhfaighteoir, amhail:
  - (i) aitheantóir pháirtí an fhaighteora;
  - (ii) an deimhniú a bhfuil coinne ag an bhfaighteoir lena úsáid chun teachtaireachtaí a chriptiú;
  - (iii) údarais deimhniúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bhfaighteoir astu;

<sup>(4)</sup> <https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/x/RqbXGW>

<sup>(5)</sup> Is é an Coimisiún a dhéanann tairseach Domibus a chothabháil (<https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/display/DIGITAL/Domibus>)



- (iv) seoladh nó seoltaí an líonra óna nglacfaidh an faighteoir cumarsáid isteach.
- (c) Paraiméadair a bhaineann leis an bpéire seoltóir/faighteoir, amhail (i gcás ina n-úsáidtear iad):
  - (i) aitheantóir an chomhaontaithe, aitheantóir p-mhóid.
- (d) Paraiméadair a bhaineann leis na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, amhail:
  - (i) ról nó róil pháirtí an tseoltóra;
  - (ii) ról nó róil pháirtí an fhaighteora;
  - (iii) seirbhís nó seirbhísí;
  - (iv) gníomhaíochta nó gníomhaíochtaí laistigh den tseirbhís.
- (e) Paraiméadair a bhaineann le húsáid an phrótacail seolta teachtaireachtaí, nó le próifíl an phrótacail seolta teachtaireachtaí.

In e-CODEX déantar gach comhad cumraíochta a bhaineann le Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí nó le fearann a chuachadh in aon mháistirchomhad amháin, comhad is féidir a úsáid chun an tairseach agus an nascóir a chumrú.

Sa mháistirchomhad, sainítear líonra cumarsáide aonair is féidir leis an Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí a úsáid le linn a oibríthe. Is gá an chumraíocht a ghiniúint go lárnach toisc nach mór faisnéis uile na bpointí rochtana údaraíthe e-CODEX ar fad a bheith ar fáil chun pacáiste cumraíochta e-CODEX a ghiniúint, pacáiste a chruthaíonn an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta.

### 3. **SLÁNDÁIL AGUS MODHANNA CHUN SLÁINE AGUS BARÁNTÚLACHT AN CHÓRAIS E-CODEX A FHÍORÚ**

Is córas cumarsáide é an córas e-CODEX lena dtugtar tacaíocht láidir chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais slándála agus ceanglais cosanta sonraí. Go háirithe, tá na gnéithe teicniúla is gá sa chóras e-CODEX chun na ceanglais uile dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh <sup>(6)</sup>.

#### 3.1. **Slándáil trí dheardh**

Ó thaobh teicniúil de, is sásra iompair é an córas e-CODEX. Tá sraitheanna éagsúla ann atá ábhartha don tslándáil:

- (a) sraith líonra;
- (b) sraith iompair;
- (c) sraith teachtaireachta;
- (d) sraith doiciméid.

Cuirtear bearta slándála i bhfeidhm ar gach ceann de na sraitheanna sin.

##### 3.1.1. **Sraith líonra**

Is féidir e-CODEX a úsáid le cineálacha éagsúla sraitheanna líonra. Is iondúil go gcuirtear i bhfeidhm é ar ghnáth-naisc idirlín. Dá bhrí sin, bíonn an tslándáil ag teacht leis na feidhmchláir shlándála is gnách a bhaineann le teicneolaíocht an idirlín (agus leathnaítear an tslándáil sin leis na sraitheanna eile a thuairiscítear sa phointe seo). I bhformhór chásanna úsáide e-CODEX, is leor sraith líonra den sórt sin. I gcás riachtanais slándála níos airde, d'fhéadfaí sraith líonra eile a chur i bhfeidhm ina theannta sin. Is féidir líonraí eile a chur san áireamh freisin.

##### 3.1.2. **Sraith iompair**

Is iondúil go gcosnaítear an tsraith iompair le Slándáil Sraithe Iompair (TLS) nó le mTLS (TLS frithpháirteach). Is caighdeán seanbhunaithe é sin chun an tsraith iompair i dteicneolaíochtaí idirlín a chosaint agus cuirtear i bhfeidhm é ar fud an domhain ar líon ollmhór seirbhísí. Is trí TLS/mTLS a chuirtear an criptiú agus an fíordheimhniú ar fáil ar an gcainéal iompair. Déanann sé an bealach iompair idir gach mol den bhealach iompair a dhaingniú. Ní mór do gach mol sonraí an tseolta (agus na sonraí sin amháin) a dhíchriptiú chun an teachtaireacht a chur ar aghaidh chuig an gcéad mhol eile. Sula gcuirtear ar aghaidh é, déanann gach mol sonraí an tseolta a chriptiú arís. Is féidir TLS simplí (aontreo) a bheith ann agus uaireanta cuirtear i bhfeidhm an cineál TLS sin go fóill, ach moltar TLS déthreo (mTLS) a úsáid toisc go bhfuil sé ag teacht chun cinn mar an caighdeán reatha chun an tsraith iompair a chosaint.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

### 3.1.3. *Sraith teachtaireachta*

Ar shraith na teachtaireachta, cuireann comhphárteanna éagsúla e-CODEX roinnt caighdeán i bhfeidhm:

- (a) Is é AS4 an prótacal a úsáidtear le haghaidh tarchur “tairseach le tairseach” (mar shraith na teachtaireachta) agus déanann sé na teachtaireachtaí a shíniú agus a chriptiú — ag brath ar an gcumraíocht slándála ar leibhéal na tairsí;
- (b) Is é an nascóir croí-chomhpháirt an chórais e-CODEX. Cuireann sé slándáil le sraith na teachtaireachta trí úsáid a bhaint as slándáil WS chun teachtaireachtaí a shíniú agus a chriptiú le haghaidh na seirbhísí gréasáin chuig an tairseach agus an gréasán cúil. Dá bhrí sin, cuirtear criptiú “nascóir le nascóir” sa bhreis i bhfeidhm;
- (c) Úsáidtear deimhnithe digiteacha le haghaidh fheidhmiúlacht an tsínithe agus an chriptithe ar fud na gcóras e-CODEX. Tá na deimhnithe digiteacha sin maidir le criptiú agus síniú i gcomhréir le caighdeán X.509.

### 3.1.4. *Sraith doiciméid*

Bíonn doiciméid agus ceangaltáin i dteachtaireachtaí. Cuirtear i bpacáiste iad, ar a dtugtar “coimeádán”. Tógtar an coimeádán de réir an chaighdeáin ASiC-S. Síníonn an nascóir seolta an coimeádán ASiC-S agus déantar an síniú a bhailíochtú nuair a fhaigheann an nascóir glactha é.

## 3.2. **Modhanna maidir le fíorú sláine agus barántúlachta**

### 3.2.1. *Rochtain ar chumraíocht e-CODEX*

Ní mór an chumarsáid idir pointí rochtana e-CODEX a chumrú roimh ré. Déantar an chumraíocht sin trí phacáiste cumraíochta e-CODEX. Sa phacáiste cumraíochta tá na sonraí a bhaineann le seoladh, an beartas slándála atá i bhfeidhm agus faisnéis eile. Thairis sin, tá stór iontaoibhe ann freisin ina bhfuil deimhnithe poiblí na bpointí rochtana e-CODEX uile atá rannpháirteach. Déanann “Comhordaitheoir Cumraíochta” lárnach na comhaid chumraíochta le haghaidh chumraíocht gach comhpháirtí a chruthú trí bhíthin na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta. Ní thugtar rochtain ar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta ach amháin do na comhpháirtithe arna iarraidh sin dóibh go pearsanta agus ar bhonn indibhidúil. Tá an rochtain riaracháin teoranta do Chomhordaitheoirí Cumraíochta, rud a dhéanfaidh eu-LISA bainistiú air.

### 3.2.2. *Sínithe agus séalaí leictreonacha a bhfuil tacú leo*

Ní mór don chóras e-CODEX tacú le gach cineál ríomhshéala agus ríomhshínithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 910/2014.

### 3.2.3. *Ceadchomhartha TrustOK e-CODEX*

Déanann an nascóir seolta síniú an chaighdeáin nós imeachta dhigitigh ar theachtairacht a bhailíochtú. Scríobhtar toradh an bhailíochtaithe sin ar cheadchomhartha TrustOK e-CODEX. Gineann leabharlann slándála an ceadchomhartha sin, leabharlann ar fomhodúl den nascóir é. Is é nascóir e-CODEX a dhéanann bailíochtú ar an síniú leictreonach trí úsáid a bhaint as uirlisí um sheirbhís sínithe dhigitigh.

### 3.2.4. *Ceadchomhartha atá Inléite ag Meaisín (XML)*

Tagann an ceadchomhartha atá inléite ag meaisín mar chomhad XML atá faoi bhun scéimre áirithe ina bhfuil an fhaisnéis uile maidir le síniú an cheadchomhartha gnó agus na tuarascála bailíochtaithe mar thoradh ar an mbailíochtú dlíthiúil agus teicniúil.

### 3.2.5. *Ceadchomhartha atá Inléite ag an Duine (PDF)*

Tá trí chuid sa chomhad PDF. Sa chéad chuid a chuirtear i láthair ar an gcéad leathanach den cheadchomhartha féin, tá faisnéis ghinearálta maidir leis an ardchóras leictreonach agus measúnú ar bhailíocht dhlíthiúil an doiciméid gnó. Ina theannta sin, taispeántar séanadh agus “stampa bailíochtaithe” ag bun an leathanaigh lena léirítear toradh an bhailíochtaithe dhlíthiúil.

Is éard atá in ardchóras leictreonach, córas nasctha atá in ann an t-úsáideoir a shainathint ar bhealach slán agus sláine na dteachtaireachtaí a sheoltar tríd an gcóras idir an cliant agus nascóir e-CODEX a áirithiú.

Sa dara cuid ar an dara leathanach, tugtar forléargas teicniúil caighdeánaithe ar an bhfaisnéis ón mbuntuarascáil bhailíochtaithe. Ní hionann an fhaisnéis a thugtar san fhorléargas teicniúil nó bíonn sé ag brath ar an gcóras nasctha (atá bunaithe ar fhíordheimhniú nó ar shíniú). Tá an fhaisnéis a sholáthraíonn an deimhniú foluiteach, lena n-áirítear tréithe (i gcás ina bhfuil siad ar fáil), le fáil i gceadchomhartha atá bunaithe ar shíniú. Tá ainm na hinstitiúide ónar seoladh an doiciméad, agus, nuair a sholáthraítear é, ainm údar an doiciméid, le fáil i gceadchomhartha atá bunaithe ar fhíordheimhniú.

Is éard atá ag bun an leathanaigh sin, stampa a bhfuil dath thoradh an bhailíochtaithe theicniúil air (glas/buí/dearg) agus tuairisc ghairid, e.g. ina dtugtar faisnéis bhreise faoin bhfáth a bhfuair doiciméad ar leith measúnú teicniúil buí.

Is éard atá sa tríú cuid den doiciméad, an bhuntuarascáil bhailíochtaithe mar a chruthaigh bogearraí bailíochtaithe an Bhallstáit eisiúna í.

#### 4. NA CAIGHDEÁIN NÓS IMEACHTA DHIGITEACHA A FORBRAÍODH GO DTÍ SEO

An tSeirbhís r-Cheartais	caighdeán nós imeachta digiteach: múnla próisis	caighdeán nós imeachta digiteach: scéimre XML	foinse an tionscadail
Ordú Íocaíochta Eorpach	√	√	e-CODEX
Éilimh Bheaga	√	√	e-CODEX
Barántas Gabhála Eorpach	√	√	e-CODEX
Pionóis Airgeadais	√	√	e-CODEX
Cúnamh Frithpháirteach Dlí	√	√	e-CODEX
FD 909 (Pianbhreitheanna Coimeádta)	√	√	e-CODEX
Cúrsaí Pósta	√	√	e-SENS
Ordú Caomhnaithe Fianaise AE	√	√	e-SENS
Clár Uachtanna	√	√	e-SENS
Seirbheáil Doiciméad	√	√	e-CODEX

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2520 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Nollaig 2022**

**i ndáil leis na socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is gá na socruithe mionsonraithe a bhunú le haghaidh an phróisis aistrithe agus glactha freagrachta le haghaidh aistriú an chórais e-CODEX ón eintreas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA.
- (2) Ba cheart a chur san áireamh sna socruithe sin na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar.
- (3) Le socruithe mionsonraithe aistrithe, ba cheart forálacha a bhunú freisin maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus a tháirgí bogearraí tacaíochta, a dhóiciméadacht agus a shócmhainní eile ba cheart a leagan síos sa doiciméad aistrithe coiteann chun a chur ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí agus a chúraimí a chomhlíonadh.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá in iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus, dá bhrí sin, níl sí faoi cheangal ná faoi réir chur i bhfeidhm an Chinnidh sin.
- (5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, ní raibh Éire rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus, dá bhrí sin, níl sí faoi cheangal ná faoi réir chur i bhfeidhm an Chinnidh sin.
- (6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus thug sé tuairim uaidh an 24 Samhain 2022.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/850,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh na socruithe mionsonraithe le haghaidh phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/850.

<sup>(1)</sup> IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 2*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus an doiciméadacht ghaolmhar, dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/850.

*Airteagal 3*

Na forálacha maidir le ceartha maoine intleachtúla nó ceartha úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX atá le cur san áireamh sa doiciméad aistrithe coiteann, beidh siad mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

**Socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX****1. RÉAMHRÁ**

Beidh próiseas aistrithe agus glactha freagrachta ann idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA. Go dtí go ndéanfar an t-aistriú, is é an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a bheidh fós freagrach go hiomlán as agus tá air áirithiú nach ndéanfar aon athrú ar an gcóras e-CODEX agus nach seachadfar aon leagan nua de na bogearraí ach amháin chun cothabháil cheartaitheach a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX.

Tá sé de chuspóir ag na socruithe sonracha sin an méid seo a leanas a shonrú:

- na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcóras e-CODEX a aistriú chuig eu-LISA,
- na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar,
- forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, doiciméadacht agus na sócmhainní eile (a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>).

Ar bhonn na socruithe sonracha le haghaidh phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2022/850, doiciméad aistrithe comhchoiteann a chur faoi bhráid eu-LISA faoin 31 Nollaig 2022. Tá teimpléad don doiciméad aistrithe comhchoiteann sin san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Tá an Coimisiún le faireachán a dhéanamh ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta chun a áirithiú go ndéanfar na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX a chur chun feidhme i gceart.

De réir Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2022/850, tá eu-LISA le freagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh air féin ar an dáta a dhearbhóidh an Coimisiún go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil, idir an 1 Iúil 2023 agus an 31 Nollaig 2023, tar éis dó dul i gcomhairle leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.

**2. NA PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA**

- (a) Dáta seachadta an doiciméid aistrithe chomhchoitinn: faoin 31 Nollaig 2022;
- (b) Próiseas aistrithe agus glactha freagrachta: Laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis sheachadadh an doiciméid aistrithe chomhchoitinn;
- (c) Tá cruinniú tosaithe phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta le bheith ann i mí Eanáir 2023, tá an dáta áirithe a bheidh sé ar siúl le comhaontú idir eu-LISA, an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus an Coimisiún;
- (d) Freagracht a aistriú chuig eu-LISA: 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, ach tráth nach luaithe ná 1 Iúil 2023.

**3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AISTRITHE AGUS GLACTHA FREAGRACHTA:**

Is é an rud lena gcuirtear tús leis an bpróiseas aistrithe agus glactha freagrachta an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX an doiciméad aistrithe comhchoiteann a chur faoi bhráid eu-LISA. Tá eu-LISA lena sheiceáil agus lena dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile san áireamh sa doiciméad aistrithe comhchoiteann chun aistriú rathúil a áirithiú. Áireofar sa doiciméad aistrithe comhchoiteann sin faisnéis mhionsonraithe maidir leis na nithe seo a leanas, ar a laghad:

- (a) pleanáil na ngníomhaíochtaí uile atá le déanamh mar a shonraítear san Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear cruinnithe sioncrónaithe, oiliúint, tástáil, etc.;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

- (b) na sócmhainní agus na déantáin go léir atá le tabhairt ar láimh ag tús na tréimhse aistrithe agus ag deireadh na tréimhse (aistriú tosaigh sócmhainní agus aistriú deiridh sócmhainní). Tá an sainmhíniú ar “aistriú tosaigh sócmhainní” agus “aistriú deiridh sócmhainní”<sup>2</sup> le fáil san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;
- (c) gach oiliúint, ceardlann, seisiún faisnéise agus scáthaithe a dhéanfar a sceidealú;
- (d) nósanna imeachta oibre uile an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX atá i bhfeidhm. Ar fhaitíos nach ndéanfaí na nósanna imeachta sin a dhoiciméadú, déanfar iad a shainaitheint go soiléir, a dhoiciméadú agus a thabhairt ar láimh do eu-LISA;
- (e) sonraí teagmhála na bpáirtithe uile atá rannpháirteach le linn thréimhse iomlán na ngníomhaíochtaí aistrithe agus glactha freagrachta, mar aon le mairís de na ról agus na freagrachtaí;
- (f) critéir ratha atá soiléir, infhíoraithe agus oibiachtúil chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta;
- (g) sonraíochtaí tástála chun feidhmiú ceart phróiseas an ghlactha freagrachta a mheasúnú;
- (h) forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850, lena gcuirtear ar chumas eu-LISA a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.

Tá sé de chuspóir ag an doiciméad aistrithe comhchoiteann uirlis a chur ar fáil le haghaidh aistriú trédhearcach, rianúil, iomlán na seirbhísí TF ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA, faoi fhaireachán an Choimisiúin.

Tá sé le cur síos a dhéanamh ar gach modh atá le cur i bhfeidhm ag eu-LISA agus ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chun an t-aistriú rianúil sin a áirithiú.

Tá sampla de struchtúr an doiciméid sin san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Féadfar é a oiriúnú de réir mar is gá, ar choinníoll go mbeidh faisnéis mhionsonraithe ann maidir leis na hítimí a liostaítear sa roinn seo.

An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA araon, cuirfidh siad tuarascálacha aistrithe agus glactha freagrachta le chéile, faoi seach, maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoin 30 Meitheamh 2023 chun go mbeidh an Coimisiún Eorpach in ann an t-eolas is déanaí a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Iúil 2023 maidir le próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta (féach pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn seo).

Formáid agus modhanna aistrithe (e.g. spás coiteann comhair amhail an “Tacaíocht Bhunúsach le haghaidh Obair Chomhoibritheach” a bhí ann roimhe seo, Lárionad Acmhainní Cumarsáide agus Faisnéise d’Údaráis Riaracháin, do Ghnólachtaí agus do Shaoránaigh - CIRCABC, rochtain ar stórtha reatha, etc.) gach déantáin, tá siad le comhaontú go frithpháirteach idir eu-LISA agus an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, agus an sprioc-chóras a bhfuiltear le húsáid a bhaint as i dtimpeallacht eu-LISA á chur san áireamh.

Tabharfar aghaidh ar na ceanglais bhonneagair agus slándála le haghaidh gach sócmhainne i ndoiciméadacht na comhpháirte ábhartha agus/nó an mháistir-ranga dá dtagraítear.

Cuirtear liosta neamh-uileghabhálach de chomhpháirteanna an chórais e-CODEX, na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus sócmhainní eile i láthair sa tábla seo a leanas.

Tábla achomair de na comhpháirteanna, na déantáin agus na gníomhaíochtaí tacaíochta aistrithe:

	Comhpháirt	Déantáin	Tacaíocht aistrithe
Míreanna le forbairt agus le hoibriú	Uirlis Bainistíochta Cumraíochta	Cód Foinseach Bunachar Sonraí Cumraíochta agus Doiciméadacht pModes Dumpáil bunachar sonraí ag na céimeanna aistrithe tosaigh agus deiridh.	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Uirlis Bainistíochta Cumraíochta” Forbairt agus cothabháil, suiteáil, cumraíocht, oibriú agus fabhtcheartú
	Ardán Lárnach Tástála	Cód foinseach Doiciméadacht Dumpáil bunachar sonraí ag na céimeanna aistrithe tosaigh agus deiridh.	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Ardán Lárnach Tástála” Forbairt agus cothabháil, suiteáil, cumraíocht, oibriú agus fabhtcheartú
	Freastalaí Stóir (faoi láthair: Nexus)	Stórtha	Máistir-rang um “fhorbairt agus bonneagar”
	Freastalaí Lánpháirtíochta (faoi láthair: Jenkins)	Míreanna Lánpháirtíochta	
	Stór an Chóid Fhoinsigh (faoi láthair: Gitblit)	Cód foinseach	
	Suíomh Gréasáin e-CODEX	Ábhair Shuíomh Gréasáin e-CODEX	Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”
Míreanna atá le forbairt agus le cur i gcrích	Ailtireacht e-CODEX	Suíomh Gréasáin e-CODEX Doiciméadacht	Doiciméadacht Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”
	Feidhmchlár Cónascaire	I gcás gach comhpháirte (Cónascaire, Cliant, Breiseán, Leabharlann Slándála, Fónais, etc.): Cód foinseach Doiciméadacht	Doiciméadacht Máistir-rang um an “gCónascaire”
	Scéimeanna Cásanna Úsáide: — Ordú Íocaíochta Eorpach — Éilimh Bheaga — Barántas Gabhála Eorpach — Pionóis Airgeadais — Cúnamh Frithpháirteach Dlí — FD 909 (Pianbhreitheanna Coim- eáda) — Ábhair maidir le Pósadh — Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas — Clár na nUachtanna — Seirbheáil Doiciméad	Scéimeanna Samhaltú ar Phróiseas Gnólachta Stór Focal lárnach r-Cheartais an Aontais (Deonófar rochtain tríd an uirlis “Metadata Workbench”)	Doiciméadacht Máistir-rang um “Scéimeanna”
Míreanna Eile	Ticéid e-CODEX	Gach ticéad lena n-áirítear gach stádas (chun críocha bainistithe eolais)	Máistir-rang um an “gCónascaire” Dumpáil bunachar sonraí leis na sonraí go léir
	Treochlár Fheidhmchlár Cónascaire e-CODEX	Suíomh Gréasáin e-CODEX	Máistir-rang um an “gCónascaire”
	Ceanglais Slándála e-CODEX	Doiciméad	Máistir-rang um an “gCónascaire”



#### 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

##### (a) Gníomhaíochtaí Oiliúna

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le liosta modúl oiliúna a ullmhú chun an t-aistriú eolais iomlán chuig eu-LISA a áirithiú.

Déanfar ábhair oiliúna agus riachtanais phleanála a shainiú agus a chomhaontú idir na gníomhaithe rannpháirteacha uile i gcás gach modúl oiliúna agus máistir-ranga. Go háirithe, má mheasann eu-LISA go bhfuil gá leo, beidh cead aige modúil oiliúna agus máistir-ranganna breise a iarraidh agus a fháil.

Tá planáil agus sceidealú sonracha na seisiún oiliúna, praiticiúil agus scáthaithe (i gcás inar féidir le foireann eu-LISA foghlaim trí bhreathnú ar fhoireann theicniúil an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX) le sonrú sa doiciméad aistrithe comhchoiteann.

Áirítear sa tábla seo a leanas liosta íosta neamh-uileghabhálach d'oiliúintí atá le soláthar:

Teideal	Ábhar an Mhodúil	Cineál doic
Ábhair Oiliúna Modúl 1: Máistir-rang um fhorbhreathnú e-CODEX	Le linn an chéad Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe forbhreathnú ginearálta ar a bhfuil i gceist le e-CODEX, lena n-áirítear forbhreathnú ar ailtireacht bhunúsach e-CODEX, prionsabail ghinearálta e-CODEX agus forbhreathnú gearr stairiúil ar an gcaoi ar tháinig e-CODEX ar an bhfód.  Tá an modúl seo bunaithe go príomha ar fhíricí teoriciúla.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 2: Máistir-rang um an gcónascaire	Le linn an mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe míniú cuimsitheach ar an bhFeidhmchlár Cónascaire agus ar na táirgí/comhpháirteanna éagsúla a bhaineann leis, lena n-áirítear an gaol leis an tairseach.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha, lena n-áirítear suiteáil, fabhtcheartú agus tacaíocht theicniúil.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 3: Máistir-rang um Scéimeanna	Le linn an Mháistir-ranga seo rachaidh na rannpháirtithe i dtaithí ar na scéimeanna sonraí a d'fhorbair an t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX. Díreofar freisin ar Metadata Workbench ina bhfuil Stór Focal Lárnach r-Cheartais an Aontais á riar agus ar theicníc an tsamhaltaithe próiseas gnó.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 4: Máistir-rang na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta	Le linn an Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe eolas ar ghnéithe agus ar phróisis na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta. Is uirlis ar líne í an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta chun bainistiú a dhéanamh ar bhailiú sonraí rannpháirtithe agus ar dháileadh comhad cumraíochta e-CODEX.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX

Teideal	Ábhar an Mhodúil	Cineál doic
Ábhair Oiliúna Mhodúl 5: Máistir-rang an Ardáin Lárnaigh Tástála	Le linn an Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe eolas ar ghnéithe agus ar phróisis an Ardáin Lárnaigh Tástála agus ar an straitéis tástála. Soláthraíonn an tArdán Tástála Lárnach timpeallacht tástála iomlán e-CODEX agus comhéadan gréasáin chun teachtaireachtaí tástála inoiriúnaithe a sheoladh agus a fháil.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 6: Máistir-rang um fhorbairt agus bonneagar	Le linn an Mháistir-ranga seo, déanfaidh na rannpháirtithe tuilleadh plé ar ábhair a bhaineann le forbairt agus bonneagar, mar shampla bainistiú freastalaí stóir.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 7: Máistir-rang um dhífhabhtú	Le linn an mháistir-ranga seo, foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi bhrath agus ceartú na bhfabhtanna córais e-CODEX a d'fhéadfadh a bheith ann agus réiteach fadhbanna, lena n-áirítear iarrataí tacaíochta a réiteach.  Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX

### (b) Trédhearcacht phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta

Tá próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta le bheith trédhearcach do na húsáideoirí deiridh, rud a íoslaghdóidh an tionchar a imreofar ar a gcuid nósanna imeachta oibre agus a gcuid gníomhaíochtaí laethúla. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, áiríteoidh sé go gcuirfear tacaíocht theicniúil ar fáil do na heintitis a oibríonn agus a shuiteálann pointí rochtana údaraithe e-CODEX agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh go dtí go nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.

### (c) Freagracht eu-LISA agus an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2022/850, go dtí go ndéanfar an t-aistriú, beidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX fós freagrach go hiomlán as agus áiríteoidh sé nach ndéanfar aon athrú ar an gcóras e-CODEX agus nach seachadfar aon leagan nua de na bogearraí ach amháin chun cothabháil cheartaitheach a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX.

Chun na críche sin, leanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX de chothabháil comhpháirteanna agus tacaíocht a sholáthar le linn na tréimhse sin.

I gcás na n-iarrataí tacaíochta uile, is é an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a bheidh ina phointe teagmhála aonair go dtí go nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.

Na hiarrataí ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX, féadfaidh eu-LISA a iarraidh go gcuirfear iad in iúl do phearsanra ainmnithe ag eu-LISA a mbeidh cead acu na céimeanna réitigh a rinne an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a leanúint.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leis na hiarrataí tacaíochta uile a gheofar a réiteach sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, ní fhéadfaidh sé teacht ar chomhaontú le eu-LISA maidir le haistriú iarrataí tacaíochta a bheidh faighte aige, ach nach féidir a réiteach faoin am a aistrefar freagracht as an gcóras e-CODEX chuig eu-LISA, ní fhéadfaidh sé sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina mbeidh údar cuí leis ar chúiseanna teicniúla oibiachtúla. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, ní mór dó a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ag comhaontú den sórt sin ar an úsáideoir deiridh agus nach mbeidh aon mhoill ann maidir leis an iarraidh ar thacaíocht a réiteach. Déanfar an comhaontú sin a chur ar bhonn foirmiúil faoi chritéar ratha uimhir 6 faoi phointe 5 den Iarscríbhinn seo.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le liosta uileghabhálach d'úsáideoirí an chórais e-CODEX a sholáthar do eu-LISA, agus tá eu-LISA le fógra a thabhairt do na húsáideoirí sin go bhfuil freagracht glactha aige as an gcóras e-CODEX laistigh de 30 lá tar éis don ghlacadh freagrachta sin tarlú.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le tacú le eu-LISA agus cúnaimh a thabhairt dó de réir mar is gá go dtí an 31 Márta 2024.

I gcás gach comhpháirte, d'fhéadfadh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX liosta forbairtí a mholadh a bheadh le déanamh i ndáil le riachtanais úsáideoirí.

## 5. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS AISTRITHE RATHÚIL

	Critéir	Táscaire faireacháin	Modhanna fíoraithe	Spríoc-am
1	Aistriú eolais ar chomhpháirteanna éagsúla an chórais e-CODEX	Na seisiún oiliúna go léir a bheith tionólta.	Foirmeacha clárúcháin a bheith líonta isteach agus ábhair oiliúna a bheith seachadta chuig eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
2	Aistriú comhpháirteanna uile an chórais e-CODEX	Gach sócmhainn a bheith seachadta agus curtha i gcrích	Aitheantas sainráite ó eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
3	Cobhsaíocht theicniúil an chórais e-CODEX (gach comhpháirt)	An dá leagan is déanaí arna dtáirgeadh ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX.	Leagan cobhsaí den chóras e-CODEX, rud a chiallaíonn pacáiste is féidir a úsáid i dtáirgeadh agus lena n-áiríthítear sláine na malartuithe uile a dhéantar ar an leagan seo.	Faoin 31 Nollaig 2022
4	Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh laistigh de eu-LISA	Comhdhéanamh na foirne e-CODEX (lena n-áirítear na teicneoirí atá le hoiliúint) de réir mar a chuirfidh eu-LISA in iúl don Choimisiún agus don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX.	Fógra ó eu-LISA chuig an gCoimisiún agus chuig an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX	Faoin 1 Eanáir 2023
5	Cearta maoine intleachtúla agus úsáide a aistriú	An córas e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850, iad sin a bheith aistrithe i dteannta leis na cearta maoine intleachtúla agus na cearta úsáide uile.	<ol style="list-style-type: none"> <li>Ráiteas uileghabhálach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le cearta maoine intleachtúla agus úsáide i dtaca le gach comhpháirt den chóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850.</li> <li>Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX go bhfuil sé féin agus a chomhaltáí in ann na cearta maoine intleachtúla agus na cearta úsáide uile a luaitear i mír 1 a aistriú go dleathach chuig eu-LISA ar bhealach a chuirfidh ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.</li> </ol>	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dhearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil

	Critéir	Táscaire faireacháin	Modhanna fóraithe	Sprioc-am
			3. Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le haistriú iomlán agus saor in aisce na gceart maoinne intleachtúla agus na gceart úsáide uile a luaitear i mír 1 chuig eu-LISA.	
6	Réiteach na n-iarrataí uile ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.	Gach iarraidh ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras sin, na hiarrataí sin a bheith dúnta, nó an comhaontú go nglacfaidh eu-LISA iad ar láimh a bheith aitheanta ag eu-LISA	1. Liosta d'iarrataí tacaíochta oscailte ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. 2. Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA chun iad a ghlacadh ar láimh, agus ráiteas sainráite ann ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX nach bhfuil aon tionchar ag an gcomhaontú ar an úsáideoir deiridh agus nach bhfuil aon mhoill ann maidir leis an iarraidh ar thacaíocht a réiteach.	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún le dearbhú go bhfuil próiseas an aistriithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
7	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le cur i gcrích rathúil phróiseas an aistriithe agus an ghlactha freagrachta.	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le comhlíonadh na gcritéar le haghaidh próiseas aistriithe rathúil agus chun an próiseas sin a chur i gcrích go rathúil	Iarraidh comhpháirteach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún le dearbhú go bhfuil próiseas an aistriithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil	Idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig 2023

## 6. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS GLACTHA FREAGRACHTA RATHÚIL

I gcás gach déantáin agus gach sócmhainne aistriithe, tá sé de chuspóir ag próiseas an aistriithe agus an ghlactha freagrachta a áirithiú go nglacfaidh eu-LISA an córas e-CODEX, an t-eolas gnó, an t-eolas teicniúil, agus na deachleachtas agus na teicnící a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, go nglacfaidh sé na nithe sin ar láimh i gceart, tar éis próiseas tástála a chur i gcrích.

Is éard a bheidh i gceist le raon feidhme an phróisis tástála cásanna tástála a chur i bhfeidhm, ar cásanna tástála iad a ullmhófar chun a chruthú go bhfuair eu-LISA an t-eolas gnó agus go bhfuil sé ullamh do na gníomhaíochtaí a bheartaítear a ghlacadh ar láimh. Ní mór don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX na sonraíochtaí tástála a sholáthar.

I gcás ina dteipfidh ar chur i bhfeidhm na tástála, cinnfear an leibhéal tionchair mar seo a leanas:

Leibhéal tionchair	Éifeacht ar an tseirbhís
1	Ní féidir an tseirbhís a dhéanamh
2	Ní féidir an tseirbhís chomhfhreagrach/na seirbhísí comhfhreagracha a dhéanamh i gceart agus ní féidir dul timpeall ar an bhfadhb.
3	Miontionchar ar sheirbhís chomhfhreagrach nó ar sheirbhísí comhfhreagracha.

Cumhdófar leis na cásanna tástála próisis shonracha is infheidhme maidir leis na sócmhainní a ghlactar ar láimh. Ní mór cásanna tástála a ghrúpáil de réir an phríomhphróisis; is éard atá i gceist le cur i gcrích na gcásanna tástála go léir a bhaineann le príomhphróiseas stádas ullmhachta eu-LISA a chruthú.

Tiocfaidh deireadh leis an tástáil nuair a chomhlíonfar na critéir ratha seo a leanas:

- (a) Níl aon fhabht ar leibhéal tionchair 1 ann. Má thagann fabht ar leibhéal tionchair 1 aníos:
- (i) Ní mór an tástáil a chur ar fionraí;
  - (ii) Ní mór an fabht a réiteach;
  - (iii) Ní mór an cás tástála ar theip air agus aon chás gaolmhar a athdhéanamh go dtí go gceartófar an fabht;
  - (iv) Ní mór an tástáil a chur i gcrích go rathúil;
- (b) Níl aon fhabht ar leibhéal tionchair 2 oscailte;
- (c) Níl fabhtanna ar leibhéal tionchair 3 ann ach i gcás 10 % ar a mhéad de na cásanna tástála.

Chuige sin, ní mór na critéir seo a leanas ar a laghad a shásamh agus a gcomhlíonadh a bheith léirithe ag eu-LISA faoi na sprioc-amanna a leagtar síos sa tábla seo a leanas:

	Critéar	Táscaire faireacháin	Modhanna fíoraithe	Sprioc-am
1	Aistriú eolais ar chomhpháirteanna éagsúla an chórais e-CODEX	Páirt a bheith glactha ag eu-LISA sna seisiúin oiliúna uile a tionóladh	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Iúil 2023
2	Aistriú comhpháirteanna uile an chórais e-CODEX	Gach foinse a bheith faighte agus na doiciméid a bheith líonta isteach go hiomlán	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Iúil 2023
3	Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh laistigh de eu-LISA	1. Foireann tionscadail e-CODEX a bheith earcaithe faoin 1 Eanáir 2023. 2. Bainisteoir an tionscadail a ainmniú 3. Na dteicneoirí a bhfuil oiliúint le cur orthu a aithint	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Eanáir 2023
4	Grúpa Comhairleach e-CODEX a bhunú	An Grúpa Comhairleach a bheith bunaithe agus cruinnithe a bheith tionólta le linn phróiseas an aistriithe agus an ghlactha freagrachta gach ré mí ar a laghad, de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/850.	1. Dearbhú ó eu-LISA maidir le bunú agus comhdhéanamh Ghrúpa Comhairleach e-CODEX agus miontuairiscí ón gcéad chruinniú dá chuid. 2. Miontuairiscí ó na chéad trí chruinniú de Ghrúpa Comhairleach e-CODEX.	Maidir le mír 1: faoin 28 Feabhra 2023; Maidir le mír 2: faoin 30 Meitheamh 2023
5	Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a bhunú	Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a bheith bunaithe, agus cruinnithe le linn an aistriithe agus an ghlactha freagrachta de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/850	1. Dearbhú ó eu-LISA maidir le bunú agus comhdhéanamh Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX. 2. Miontuairiscí ó chruinnithe bhord bainistíochta an Chláir e-CODEX le linn phróiseas an aistriithe/an ghlactha freagrachta.	Maidir le mír 1: faoin 1 Eanáir 2023; Maidir le mír 2: faoin 30 Meitheamh 2023

6	Aistriú Sonraí	Na sonraí ábhartha uile, lena n-áirítear ticéid, dintiúir úsáideora, etc., ach gan bheith teoranta dóibh sin, a bheith aistrithe chuig eu-LISA i bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó in aon fhormáid a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta ag eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
7	Aistriú Stair na saincheisteanna go léir	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
8	Aistriú saincheisteanna nach bhfuil réitithe	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta eu-LISA	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
9	Aistriú bainistíochta úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh (rochtain ar Uirlis Bainistíochta Cumraíochta, an tArdán Tástála Lárnach...)	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	Na dintiúir a chuirtear in iúl, a allmhairítear i mbonneagar eu-LISA agus rochtain ar na comhpháirteanna éagsúla a bheith fíoraithe ag roinnt úsáideoirí deiridh.	Faoin 1 Iúil 2023
10	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí na deisce cabhraí — Próisis na deisce cabhraí — Bainistíú Teagmhas — Tacaíocht Theicniúil — Iarraidh ar Sheirbhís	An próiseas a bheith tuigte agus nósanna imeachta oibre a bheith curtha i bhfeidhm ionas go leanfaidh fhoireann glactha freagrachta dá dtascanna laethúla a dhéanamh.	An uirlis ticéadaithe a bheith ar fáil, rochtain a bheith uirthi agus gach ticéad a bheith aistrithe chuig uirlis eu-LISA (bosca ríomhphoist feidhmiúil más ann dó, teimpléid tacaíochta, bonn eolais tacaíochta etc.).	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
11	Dintiúir um rochtain ar an bhfeidhmchláir	Liostaí úsáideoirí agus dintiúir ábhartha a bheith aistrithe chuig eu-LISA agus bearta slándála agus moltaí maidir leis an gcineál sin sonraí á gcur san áireamh.	A ndintiúir agus a bhfaisnéis maidir le nascadh a bheith faighte ag úsáideoirí.	Faoin 1 Iúil 2023

12	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí tosaithe	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó aon Iarratas ar Athrú nó ticéid;	Gníomhaíochtaí imscartha a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
13	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí forbartha	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó Iarratas ar Athrú nó ticéid ghaolmhara;	Gníomhaíochtaí forbartha a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
14	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí tástála	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó Iarratas ar Athrú nó ticéid ghaolmhara;	Gníomhaíochtaí tástála a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
15	Glacadh Freagrachta as na Gníomhaíochtaí Bainistithe Athraithe agus Scaoilte	Riaráiste, pleanáil agus aon Iarratas ar Athrú nó doiciméadacht ábhartha;	Gach Iarratas ar Athrú atá ar oscailt agus gach plean scaoilte a bheith glactha ar láimh agus iad a bheith comhtháite sa phlean tionscadail foriomlán	Faoin 1 Iúil 2023
16	Infhaighteacht an bhonneagair agus an bhainistithe bonneagair	Na riachtanais bhonneagair uile a bheith faighte agus a bheith curtha chun feidhme. Gach sócmhainn shainaitheanta e-CODEX a bheith ar fáil agus a bheith curtha ar fáil do eu-LISA.	Na comhpháirteanna uile a bheith ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir de réir mar is gá. Maidir leis an mbonneagar forbartha, déanfaidh eu-LISA an bunú agus an oibríocht a dhearbhu.	Faoin 1 Iúil 2023
17	Bainistiú Slándála	Gach riachtanas slándála agus gach moladh a bheith curtha in iúl ag eu-LISA in iúl agus a bheith curtha chun feidhme aige.	Tá an doiciméadacht seo a leanas le cur ar fáil: — Beartas slándála; — Plean Slándála; — Bearta slándála bainistithe úsáideoirí; — Plean Leanúnachais Gnó. Ba cheart do eu-LISA a gcur chun feidhme a dheimhniú.	Faoin 01 Iúil 2023
18	Plean cumarsáide	Ní mór plean cumarsáide a bhunú chun na húsáideoirí agus na geallsealbhóirí go léir a chur ar an eolas faoin athrú atá le teacht ar na soláthraithe seirbhíse agus faoi na bealaí agus na nósanna imeachta cumarsáide nua.	Fógraí a bheith faighte ag gach úsáideoir agus geallsealbhóir ó eu-LISA roimh dheireadh na tréimhse aistrithe/glactha freagrachta chun iad a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta oibre nua: dintiúir, URLanna, suíomhanna gréasáin, uirlis ticéadaithe...	Faoin 1 Iúil 2023

19	Ailíniú deiridh na sonraí	Soláthar deiridh na bearna sna sócmhainní arna soláthar do eu-LISA ag tús phróiseas an aistrithe/an ghlactha freagrachta.	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. An nasc leis na comhpháirt-eanna riachtanacha go léir a sheiceáil de réir mar a theastaíonn ó na húsáideoirí agus ó na páirtithe leasmhara (freastalaithe inrochtana);</li> <li>2. An staid dheireanach a iompórtáil;</li> <li>3. Gach nuashonrú is gá a bheith suiteáilte ar na freastalaithe nuair is infheidhme;</li> <li>4. Eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX pasfhocail a sholáthar do eu-LISA nuair is infheidhme;</li> <li>5. An difríocht idir an chéad phacáiste a tugadh do eu-LISA ag tús phróiseas an aistrithe/an ghlactha freagrachta agus ag deireadh an phróisis sin a bheith iompórtáilte sa bhonneagar ábhartha.</li> </ol>	An 1 Iúil 2023
20	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le cur i gcrích rathúil phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta.	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le comhlíonadh na gcritéar i ndáil le próiseas aistrithe rathúil agus leis an bpróiseas sin a chur i gcrích go rathúil	Iarraidh comhpháirteach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil	Idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig 2023

## 7. CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA NÓ CEARTA ÚSÁIDE

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leis na cearta maoinne intleachtúla agus cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850 a aistriú chuig eu-LISA faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dhearbhu go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil.

Gheobhaidh eu-LISA na cearta sin saor in aisce agus gan aon teorainn, agus is é eu-LISA an t-aon úinéir amháin a bheidh acu.

Leanfaidh eu-LISA de na comhpháirteanna bogearraí sin agus na leaganacha díobh a bheidh ann ina dhiaidh sin a chur ar fáil faoi Cheadúnas Poiblí an Aontais Eorpaigh (EURL).

## 8. AMLÍNE

Déanfar amlíne, a bheidh ag brath ar gach eintiteas a bheith ar fáil (eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA), a athbhreithniú agus a bhailíochtú ag an gcéad chruinniú raon feidhme.



Fad na máistir-ranganna (táscaire):

	Comhpháirt	Tacaíocht aistrithe freagrachta	Fad (táscaire)	Seicheamh
Míreanna atá le forbairt agus le hobriú	Uirlis Bainistíochta Cumraíochta	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Uirlis Bainistíochta Cumraíochta”	2 lá	4ú
	An tArdán Lárnach Tástála	Doiciméadacht Máistir-rang um “an Ardán Tástála Lárnach”	2 lá	5ú
	Freastalaí Stóir (faoi láthair: Nexus)	Máistir-rang um “fhorbairt agus bonneagar”	2 lá	6ú
	Freastalaí Lánpháirtíochta (faoi láthair: Jenkins)			
	Stór an Chóid Fhoinsigh (faoi láthair: Gitblit)			
Míreanna atá le forbairt agus le seachadadh	Ailtireacht e-CODEX	Doiciméadacht Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”	4 lá	1
	Feidhmchlár Cónascaire	Doiciméadacht Máistir-rang um an “gCónascaire”	20 lá	2
	Scéimeanna Cásanna Úsaíde:	Doiciméadacht Máistir-rang um “Scéimeanna”	10 lá	3ú

#### 9. NÍ MÓR DON EINTITEAS A BHAINISTÍONN AN CÓRAS E-CODEX STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA AISTRITHE A SHOLÁTHAR.

Scríobhfar an tuarascáil aistrithe mar achoimre ar na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh laistigh de raon feidhme an aistrithe:

- Liosta de na sócmhainní agus de na déantáin a cuireadh ar fáil do eu-LISA ag deireadh na tréimhse aistrithe;
- tuairisc agus ábhar na gceardlann go léir a eagraítear le linn an aistrithe;
- liosta de na cuir i láthair agus de na doiciméid ghaolmhara a tugadh le linn na gceardlann;
- liosta de na ceachtanna a foghlaimíodh;
- liosta de na saincheisteanna atá ar oscailt ag deireadh an aistrithe;
- conclúidí agus ullmhacht eu-LISA.

#### 10. STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA GLACTHA FREAGRACHTA NACH MÓR DO EU-LISA A SHOLÁTHAR

Is í an tuarascáil glactha freagrachta an ghné is inseachadta ag eu-LISA le linn na céime seo. Beidh sa doiciméad seo, i measc nithe eile, faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- Ráiteas maidir le hullmhacht chun an tionscadal a ghlacadh ar láimh;
- léiriú, le haghaidh gach próisis, gurb amhlaidh atá eu-LISA faoi réir chun na gníomhaíochtaí a ghlacadh ar láimh;
- liostófar sa tuarascáil an plean tástála a chuirtear i bhfeidhm agus torthaí gach tástála. Áireofar leis an gcumhdach tástála na sócmhainní agus na gníomhaíochtaí go léir a dhéanfar le linn na tréimhse sin, agus de réir na gcritéar comhlánaithe a shainítear níos luaithe sa doiciméad seo.

Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith i ndoiciméad na tuarascála glactha freagrachta:

- (a) Beartha slándála;
- (b) Aistriú agus sealbhú eolais:
  - (i) Doiciméid a aistriú;
  - (ii) Aistriú Sonraí;
  - (iii) Aistriú ticéad (ticéid atá dúnta agus ticéid atá ar oscailt);
  - (iv) Cruinnithe teicniúla;
  - (v) Seisiúin oiliúna;
  - (vi) Seisiún praiticiúil;
  - (vii) Seisiúin scáthaithe;
  - (viii) Más infheidhme, seisiúin chomhthreomhara thrialacha.
- (c) An nós imeachta atá i bhfeidhm nuair is infheidhme;
- (d) Bailchríoch a chur ar phróiseas an ghlaitha freagrachta agus ar ghníomhaíochtaí scoite:
  - (i) Nascacht an chórais e-CODEX (is féidir teacht ar na comhpháirteanna uile is gá);
  - (ii) Cúltaicéid sonraí a bheith ann;
  - (iii) Gach nuashonrú is gá a bheith suiteáilte ar na freastalaithe;
  - (iv) Aistriú dintiúirí agus pasfhocal.

## FOSCRÍBHINN

## STRUCHTÚR AN DOICIMÉID AISTRITHE COITEANN

**Loga athraithe an doiciméid**

Eagrán	Dáta eisiúna		Míreanna modhnaithe	Modhnuithe

## CLÁR NA N-ÁBHAR

1.	DOICIMÉID TAGARTHA AGUS DOICIMÉID IS INFHEIDHME .....	51
1.1.	Doiciméid Tagartha .....	51
1.2.	Doiciméid is Infheidhme .....	51
2.	TÉARMAÍOCHT .....	51
2.1.	Giorrúcháin agus acrainmneacha .....	51
3.	RÉAMHRÁ .....	51
3.1.	Cuspóir an Doiciméid .....	51
3.2.	An Spriocphobal .....	51
4.	TOIMHDÍ AGUS RIOSCAÍ .....	52
4.1.	Toimhdí agus Réamhriachtanais .....	52
4.2.	Rioscaí .....	52
5.	CUR CHUIGE AN AISTRITHE AGUS AN GLACTHA FREAGRACHTA .....	52
5.1.	Cruinniú tosaigh .....	52
5.2.	Cruinnithe sioncrónaithe .....	52
5.3.	Plean aistrithe .....	52
5.4.	Aistriú Tosaigh na sócmhainní .....	53
5.4.1.	Feidhmchláir .....	53
5.4.2.	Doiciméadacht .....	53
5.4.3.	Nósanna imeachta .....	53
5.4.4.	Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc...) .....	53
6.	AISTRÍÚ DEIRIDH NA SÓCMHAINNÍ .....	53
6.1.	Feidhmchláir .....	53
6.2.	Doiciméadacht .....	53
6.3.	Nósanna imeachta .....	53
6.4.	Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc.) .....	53
7.	AISTRÍÚ EOLAIS .....	53
8.	SONRAÍ TEAGMHÁLA AN AISTRITHE .....	53
9.	SONRAÍ TEAGMHÁLA AN GLACTHA FREAGRACHTA .....	53
10.	RIACHTAN AIS BHONNEAGAIR EU-LISA .....	53
10.1.	Feidhmchláir .....	53
10.2.	Riachtanais Crua-earraí / an Chórais .....	54
10.3.	COTS (táirge le ceannach i siopa) .....	54

11. CEANGLAIS SLÁNDÁLA .....	54
12. SCEIDEAL NA gCEARDLANN .....	54
12.1. Ceardlann ghinearálta faoi gach seirbhís .....	54
12.2. An Deasc Chabhrach agus Ceardlanna Oibríochtaí .....	54
12.3. Ceardlanna Suiteála agus Tástála .....	54
12.3.1. Suiteálacha .....	54
12.3.2. Tástáil .....	55
12.3.3. Ceardlanna ar ábhair eile .....	55
12.3.4. Ceisteanna agus Freagraí agus Ceardlanna Scáthaithe .....	55
13. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS RATHÚIL AISTRITHE AGUS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS SIN A CHUR I GCRÍCH GO RATHÚIL .....	55
14. TRÉIMHSE SCÁTHAITHE, AISTRIÚ FREAGRACHTA AGUS TRÉIMHSE IARCHÚRAIM .....	55
15. PLEANÁIL .....	55
15.1. Pleanáil Ardleibhéil .....	55
15.2. Pleanáil Mhionsonraithe .....	55
16. PLEAN TÁSTÁLA GLACTHA FREAGRACHTA .....	55
17. ÁBHAR AISTRITHE .....	56
18. FORÁLACHA MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS CEARTA ÚSÁIDE .....	56

#### **Tábla na dTáblaí (roghnach)**

Tábla 1: Doiciméid Tagartha

Tábla 2: Doiciméid is Infheidhme

Tábla 3: Giorrúcháin agus Acrainmneacha

**Nóta:** Ní thugtar an téacs a cuireadh isteach sna ranna doiciméid seo a leanas ach mar shampla chun críocha soiléirithe. Féadfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus foirne eu-LISA a struchtúr a oiriúnú de réir mar is gá chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil faisnéis mhionsonraithe ann maidir leis na míreanna a liostaítear i roinn 3 den Iarscríbhinn.

## 1. DOICIMÉID TAGARtha AGUS DOICIMÉID IS INFHEIDHME

### 1.1. Doiciméid Tagartha

Aitheantas	Teideal	Tagairt	Leagan

Tábla 1: Doiciméid Tagartha

### 1.2. Doiciméid is Infheidhme

Aitheantas	Teideal	Tagairt	Leagan

Tábla 2: Doiciméid is Infheidhme

## 2. TÉARMAÍOCHT

### 2.1. Giorrúcháin agus acrainmneacha

Giorrúchán Nó Acrainm	An chiall atá i gceist

Tábla 3: Giorrúcháin agus Acrainmneacha

## 3. RÉAMHRÁ

### 3.1. Cuspóir an Doiciméid

[Tá sé de chuspóir ag an doiciméad seo tuairisc a thabhairt ar an gcur chuige a chuirfear i bhfeidhm le haghaidh phróiseas aistriú agus glactha freagrachta an Chórais e-CODEX. Cumhdaítear leis an aistriú agus an glacadh freagrachta aistriú na ndoiciméad agus na bpacáistí iarrataí uile chomh maith le haistriú eolais ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA.]

### 3.2. An Spriocphobal

[Liosta den spriocphobal atá le cur isteach sa roinn seo]

#### 4. TOIMHDÍ AGUS RIOSCAÍ

##### 4.1. Toimhdí agus Réamhriachtanais

[Toimhdí agus réamhriachtanais arna sainaitheint ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA araon, ní mór iad a shainaitheint agus a liostú go soiléir sa roinn seo]

##### 4.2. Rioscaí

[Déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA na bearta uile is gá chun go n-éireoidh le próiseas an aistrithe agus an glactha freagrachta agus chun go maolófar rioscaí. Déanfar aon riosca nach féidir a mhaolú agus a dhéanann difear do thoradh phróiseas an aistrithe agus an glactha freagrachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir.]

Riosca	Úinéir Riosca	Maolú

#### 5. CUR CHUIGE AN AISTRITHE AGUS AN GLACTHA FREAGRACHTA

[Tá sé mar sprioc ag an Aistriú:

- Aistriú fisiciúil a dhéanamh ar an ábhar go léir is gá (pacáistí bogearraí, doiciméadacht, ticéid, etc.);
- Eolas ar fheidhmchlár a aistriú trí cheardlanna oiliúna agus scáthú;
- Eolas oibríochtúil a aistriú trí cheardlanna oiliúna agus scáthú;
- An fhreagrachta a aistriú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA le haghaidh na seirbhísí uile;

I gcás na ngníomhaíochtaí glactha freagrachta, is é an cuspóir atá ann aistriú agus sealbhú eolais a dhéanamh tríd an méid seo a leanas:

- Rannpháirtíocht i seisiúin aistrithe eolais, tacaíochta agus oiliúna arna dtabhairt ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX;
- Anailís agus measúnú ar stádas agus inúsáidteacht na faisnéise a ghlacfar ar láimh. Má mheastar gur gá feabhsuithe a dhéanamh ar aon fhaisnéis, cuirfear an méid sin in iúl don Choimisiún;
- Eagrú, faireachán agus mionchoigeartú i leith reáchtáil chomhthreomhar (thrialach) an tionscadail más infheidhme;
- Rannpháirtíocht i gcruinnithe teicniúla *ad hoc* leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX;
- Na sonraí a ullmhú, a chomhtháthú agus a uaslódáil in uirlisí eu-LISA.]

##### 5.1. Cruinniú tosaigh

[Cuirtear tús le gach gníomhaíocht aistrithe agus glactha freagrachta le cruinniú tosaigh leis na páirtithe uile lena mbaineann. Cuirfear na ról agus na freagrachtaí agus an phleanáil ardleibhéil i láthair le linn an chruinnithe seo.]

##### 5.2. Cruinnithe sioncrónaithe

[Tionólfar cruinnithe comhordaithe bainistíochta rialta (gach 2 sheachtain) leis na páirtithe uile chun obair leantach a dhéanamh ar stádas na ngníomhaíochtaí aistrithe agus glactha freagrachta agus chun gur féidir leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA a ngníomhaíochtaí a shioncronú.]

##### 5.3. Plean aistrithe

[Tá tuairisc ar na ngníomhaíochtaí Aistrithe go léir sa phlean aistrithe, i.e. an doiciméad seo.]

#### 5.4. **Aistriú Tosaigh na sócmhainní**

Tá sé beartaithe aistriú tosaigh a dhéanamh maidir leis an ábhar uile beartaithe ag tús phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta. D'áireofaí leis sin an méid seo a leanas ar a laghad: an leagan is déanaí de phacáistí na bhfeidhmchlár (lena n-áirítear doiciméadacht), bogearraí nuashonraithe agus fardal doiciméadachta, agus asbhaint as bunachar sonraí na dticéad (nó formáid eile.)

##### 5.4.1. **Feidhmchláir**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 5.4.2. **Doiciméadacht**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 5.4.3. **Nósanna imeachta**

[Tá liosta na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 5.4.4. **Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc...)**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

#### 6. **AISTRÍÚ DEIRIDH NA SÓCMHAINNÍ**

[Ar aistriú na freagrachta, soláthróidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leagan deiridh (nuashonraithe) d'aon sócmhainn a modhnaíodh le linn na tréimhse aistrithe agus glactha freagrachta chomh maith le hasbhaint nua den bhunachar sonraí ticéad (nó formáid eile.)]

##### 6.1. **Feidhmchláir**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 6.2. **Doiciméadacht**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 6.3. **Nósanna imeachta**

[Tá liosta na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

##### 6.4. **Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc.)**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

#### 7. **AISTRÍÚ EOLAIS**

[Is le linn roinnt ceardlann agus seisiún scáthaithe a tharlaíonn le linn thréimhse an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a aistrítear eolas an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX. Áiritheoidh an cur chuige sin agus an tacaíocht le linn na tréimhse iarchúraim go n-aistreofar eolas na n-oibríochtaí ina iomláine.

Beidh na ceardlanna uile bunaithe ar chur i láthair/doiciméid thiomnaithe ar baineadh úsáid astu i seisiúin oiliúna roimhe seo nó a shaincheap an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. Cuirtear na cuir i láthair ar fáil do eu-LISA seachtain amháin roimh gach ceardlann.]

#### 8. **SONRAÍ TEAGMHÁLA AN AISTRITHE**

[Cuir isteach sonraí teagmhála anseo]

#### 9. **SONRAÍ TEAGMHÁLA AN GLACHTHA FREAGRACHTA**

[Cuir isteach sonraí teagmhála anseo]

#### 10. **RIACHTANAIS BHONNEAGAIR EU-LISA**

##### 10.1. **Feidhmchláir**

10.2. Riachtanais Crua-earraí/an Chórais

10.3. COTS (táirge le ceannach i siopa)

## 11. CEANGLAIS SLÁNDÁLA

[Sa roinn seo, ba cheart tuairisc a thabhairt ar na bearta atá le cur i bhfeidhm ag eu-LISA chun na nithe seo a leanas a chumhdach:

- Bainistíocht slándála fhoriomlán ar leibhéal an tionscadail;
- Bainistíocht slándála ar leibhéal an chórais lena gcumhdaítear na bearta slándála ar leibhéal an chórais e-CODEX ina iomláine agus a chomhphárteanna uile, lena n-áirítear an bonneagar,
- Bainistíocht slándála ar leibhéal an fheidhmchláir lena gcumhdaítear na feidhmchláir a thagann faoi raon feidhme ghníomhaíochtaí eu-LISA;
- Bainistíocht slándála ar leibhéal an líonra;
- Próisis agus nósanna imeachta bainistíochta úsáideoirí chun liosta na n-úsáideoirí údaraithe, dintiúir úsáideoirí, cearta rochtana agus údaruithe a bhainistiú, a nuashonrú agus a chothabháil.

Ina theannta sin, agus má iarrtar sin air, ba cheart do eu-LISA a bheith in ann na doiciméid seo a leanas a sholáthar:

- Beartas slándála;
- Plean slándála;
- Bearta slándála bainistithe úsáideoirí;
- Plean leanúnachais gnó lena n-áirítear ceanglais DRP “Téarnamh Tubaiste”.]

## 12. SCEIDEAL NA gCEARDLANN

### 12.1. Ceardlann ghinearálta faoi gach seirbhís

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	An uile cheann
Raon feidhme	Feidhmchláir agus seirbhísí uile e-CODEX a thabhairt isteach agus forbheathnú feidhmiúil a dhéanamh orthu.]

### 12.2. An Deasc Chabhrach agus Ceardlanna Oibríochtaí

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann na Deisce Cabhraí
Raon feidhme	Tacaíocht, láimhseáil teagmhas, tuairisciú, fógraí, bainistíocht slándála...]

### 12.3. Ceardlanna Suiteála agus Tástála

#### 12.3.1. Suiteálacha

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann theicniúil
Raon feidhme	suiteálacha scaoilte agus paistí]



12.3.2. **Tástáil**

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann tástála
Raon feidhme	tástáil na bhfeidhmchlár go léir]

12.3.3. **Ceardlanna ar ábhair eile**

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Ad-Hoc
Raon feidhme	Gach mír atá fágtha]

12.3.4. **Ceisteanna agus Freagraí agus Ceardlanna Scáthaithe**

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Ad-Hoc
Raon feidhme	Ag brath ar an ábhar atá faoin raon feidhme]

13. **CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS RATHÚIL AISTRITHE AGUS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS SIN A CHUR I GCRÍCH GO RATHÚIL**

[Le liostú i gcomhréir leis na critéir a luaitear i gCaibidlí 5 agus 6 den Iarscríbhinn agus sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/850 (?).]

14. **TRÉIMHSE SCÁTHAITHE, AISTRIÚ FREAGRACHTA AGUS TRÉIMHSE IARCHÚRAIM**15. **PLEANÁIL**15.1. **Pleanáil Ardleibhéil**

[Is féidir gur léaráid le garspriocanna tábhachtacha a bheidh anseo]

15.2. **Pleanáil Mhionsonraithe**

[I bhfoirm comhad mpp]

16. **PLEAN TÁSTÁLA GLACTHA FREAGRACHTA**

[Is éard atá i gceist le raon feidhme an phróisis tástála cásanna tástála a chur i bhfeidhm, ar cásanna tástála iad a ullmhaítear chun a chruthú go bhfuarthas an t-eolas gnó agus go bhfuiltear ullamh do na gníomhaíochtaí a bheartaítear a ghlacadh ar láimh.

(?) Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

Déanfar gach cás tástála a shannadh d'fhoireann shonrach/d'fhoirne sonracha, beidh ar bhall/baill de gach foireann comhoibriú chun céimeanna sonracha a chur i gcrích. Is é cúram an tSeiceadóir Tástála na cásanna tástála a shainítear sa phlean tástála sin a chur i gcrích, agus toradh gach cáis tástála a léirmhíniú agus a dhoiciméadú.

Sainmhínear na critéir inghlacthachta san Iarscríbhinn.

Gach mír a liostaítear i gcur chuige an aistrithe agus an ghlactha freagrachta, ba cheart na cásanna tástála iad a chumhdach.

Le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta féadfar an Plean Tástála a fheabhsú dá réir agus féadfar Cásanna Tástála mionsonraithe a chur leis más gá.

Sa tuarascáil tástála, liostófar toradh gach tástála.]

17. **ÁBHAR AISTRITHE**

[Liosta mionsonraithe den ábhar a shainaithnítear laistigh de raon feidhme an aistrithe agus an ghlactha freagrachta, agus a chuirfear ar fáil do eu-LISA.]

18. **FORÁLACHA MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACTHÚLA AGUS CEARTA ÚSÁIDE**

[Ráiteas uileghabhálach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le cearta maoiníntleachtúla agus úsáide i dtaca le gach comhpháirt den chóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850.

Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX go bhfuil sé féin agus a chomhartaí in ann na cearta maoiníntleachtúla agus na cearta úsáide uile a luaitear thuas a aistriú go dleathach chuig eu-LISA ar bhealach a chuirfidh ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2521 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Nollaig 2022**

**lena gceartaítear an leagan Rómáinise de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrá ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrá ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 2(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar thoradh ar an leasú ar Threoir 2003/96/CE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/552 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, tá earráidí in Airteagal 2(1)(h), sa dara fleasc d'Airteagal 16(1) agus in Airteagal 20(1)(h) sa leagan Rómáinise de Threoir 2003/96/CE a bhaineann le táirgí áirithe a eisiamh, eadhon ullmhóidí frithmheirgíthe ina bhfuil aimíní mar chomhábhair ghníomhacha agus tuaslagóirí comhchodacha neamhorgánacha agus tanaitheoirí le haghaidh vearnaisí agus táirgí comhchosúla, más táirgí iad a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid mar bhreosla téimh nó mar bhreosla mótaí, agus le haghaidh a gcomhpháirteanna a tháirgtear ó bhithmhais.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Rómáinise de Threoir 2003/96/CE a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.
- (3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Dhleacht Mháil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

<sup>(1)</sup> IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

<sup>(2)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/552 an 6 Aibreán 2018 lena dtugtar cothrom le dáta na tagairtí i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle do chóid na hAinmníochta Comhcheangailte le haghaidh táirgí áirithe (IO L 91, 9.4.2018, lch. 27).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**CINNEADH (AE) 2022/2522 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH****an 13 Nollaig 2022****lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/2255 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54)(BCE/2022/45)**

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.
- (2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2021 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2022 i gCinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/54) <sup>(2)</sup>.
- (3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhrí ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.
- (4) An 21 Samhain 2022, fuair BCE iarraidh ó Banque de France thar ceann na Fraince chun líon na monaí euro a fhéadfaidh an Fhrainc a eisiúint in 2022 a mhéadú de mhéid breise EUR 50,0 million, ó EUR 249,0 million go EUR 299,0 million. Rinneadh an t-iarraitas mar fhreagairt ar mhéadú suntasach ar eisiúint ghlan monaí euro sa Fhrainc, a dtiocfaidh deireadh leis i mí na Nollag 2022 de réir gach cosúlachta. Tá an méadú sin bunaithe go háirithe ar oll-eisiúint níos airde bonn 1-euro, 2-euro agus 50 cent in éineacht le leibhéal níos ísle de thaiscí bonn euro. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar mhonaí euro mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar phraghsanna i gcomhar le miondíoltóirí, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar mhonaí euro.
- (5) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Leasú**

Leasaítear Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an hFrainc:

"An Fhrainc	249,00	50,00	299,00".
-------------	--------	-------	----------

<sup>(1)</sup> IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2021 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54) (IO L 454, 17.12.2021, lch. 19).

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

*Airteagal 3***Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 13 Nollaig 2022.

*Uachtarán BCE*  
Christine LAGARDE

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)